An Oifig Tacaíochta Eorpach do Chúrsaí Tearmainn

# Tuarascáil Ghinearálta Bhliantúil EASO 2016



Meitheamh 2017

© iStock

IS É ÁR MISEAN TACAÍOCHT A THABHAIRT

An Oifig Tacaíochta Eorpach do Chúrsaí Tearmainn

# Tuarascáil Ghinearálta Bhliantúil EASO 2016

**Meitheamh 2017**

IS É ÁR MISEAN TACAÍOCHT A THABHAIRT

***Seirbhís is ea Europe Direct a chabhróidh leat freagraí a fháil ar do cheisteanna maidir leis an Aontas Eorpach***

**Uimhir shaorghlao** (*)**:**

**00 800 6 7 8 9 10 11**

(*) Bíonn an fhaisnéis a thugtar saor in aisce, agus formhór na nglaonna (cé go bhféadfadh roinnt oibritheoirí, boscaí gutháin nó óstáin táille a ghearradh ort).

Ghlac an Bord Bainistíochta an tuarascáil seo an 13 Meitheamh 2017.

Tá breis eolais faoin Aontas Eorpach le fáil ar an idirlíon (http://europa.eu).

Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2017

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Print | ISBN 978-92-9494-456-6 | ISSN 2467-3501 | doi:10.2847/503101 | BZ-AD-17-001-GA-C |
| PDF | ISBN 978-92-9494-424-5 | ISSN 2314-9825 | doi:10.2847/75778 | BZ-AD-17-001-GA-N |


© An Oifig Eorpach Tacaíochta do Chúrsaí Tearmainn, 2017

Ní féidir freagracht a chur ar EASO nó duine ar bith ag gníomhú ar a son i ndáil leis an úsáid a d’fhéadfaí a bhaint as an bhfaisnéis atá cuimsithe anseo.

# Clár na nÁbhar

**Liosta giorrúchán** ... **4**
**Brollach** ... **6**
**1. Réamhrá** ... **8**
**2. Forbhreathnú ar an mbliain: forbairtí in 2016** ... **9**
**3. Tosaíochtaí EASO in 2016** ... **12**
**4. Éachtaí EASO in 2016** ... **14**
*4.1 Tacaíocht oibríochta* ... *14*
4.1.1 An Iodáil agus an Ghréig ... 14
4.1.2 An Bhulgáir agus an Chipir ... 16
4.1.3 Uirlisí tacaíochta a fhorbairt le haghaidh oibríochtaí agus le haghaidh athlonnú ... 16
*4.2 Faisnéis agus anailís* ... *17*
4.2.1 Córas Faisnéise agus Cáipéisíochta ... 17
4.2.2 Córas Luathrabhaidh agus Ullmhachta ... 18
4.2.3 An Tuarascáil Bhliantúil ar Staid an Tearmainn san Aontas Eorpach ... 19
*4.3 Tacaíocht bhuan* ... *19*
4.3.1 Oiliúint ... 19
4.3.2 Próisis tearmainn ... 21
4.3.3 Faisnéis faoin tír thionscnaimh ... 22
4.3.4 Comhar le comhaltaí na gcúirteanna agus na mbinsí ... 24
4.3.5 Gníomhaíochtaí EASO ar ghrúpaí leochaileacha ... 25
4.3.6 Líonra Bhaile Átha Cliath ... 26
4.3.7 Glacadh ... 26
4.3.8 Filleadh agus imeascadh ... 26
4.3.9 Uirlisí eile le haghaidh tacaíocht bhuan — liosta EASO de na teangacha a bhfuil fáil orthu ... 27
4.3.10 Tacaíocht tríú tír ... 27
4.3.11 Athshocrú ... 28
*4.4 Gníomhaíochtaí cothrománacha EASO* ... *28*
4.4.1 Líonra comhair EASO ... 28
4.4.2 Cumarsáid agus caidreamh le geallsealbhóirí ... 29
4.4.3 An Fóram Comhchomhairleach ... 30
**Iarscríbhinní** ... **33**
*A.I. Struchtúr eagrúcháin EASO* ... *33*
*A.II. Buiséad EASO in 2016* ... *34*
*A.III. Foireann EASO* ... *36*

# Liosta giorrúchán

| | |
|---|---|
| **AIP** | An Díorma um Idirghabháil Tearmainn |
| **AMIF** | An Ciste Tearmainn, Imirce agus Lánpháirtíochta |
| **ATCR** | Comhairliúcháin Thrípháirteacha Bhliantúla ar Athshocrú |
| **AST** | Foireann Tacaíochta Tearmainn |
| **CEAS** | An Comhchóras Eorpach Tearmainn |
| **COI** | Faisnéis faoin Tír Thionscnaimh |
| **CSO** | Eagraíocht sochaí sibhialta |
| **DG HOME** | An Ard-Stiúrthóireacht um Imirce agus Gnóthaí Baile |
| **DG NEAR** | An Ard-Stiúrthóireacht um Beartas Comharsanachta agus Caibidlíocht maidir le Méadú |
| **DG RTD** | Ard-Stiúrthóireacht an Taighde agus na Nuálaíochta |
| **EASO** | An Oifig Tacaíochta Eorpach do Chúrsaí Tearmainn |
| **ECP** | Pointí Teagmhála EASO |
| **EMAS** | An Scéim Deontas Cúnaimh Éigeandála |
| **EMN** | Gréasán Imirce na hEorpa |
| **EMN REG** | Grúpa Saineolaithe Ghréasán Imirce na hEorpa um Fhilleadh |
| **ENPI** | An Ionstraim Eorpach um Chomharsanacht agus um Chomhpháirtíocht |
| **EPAM** | Ardán Eagraíochtaí Neamhrialtasacha na hEorpa um Thearmann agus Imirce |
| **EPRA** | Ardán Eorpach na nGníomhaireachtaí um Ghlacadh |
| **EPS** | Córas Luathrabhaidh agus Ullmhachta |
| **ERIN** | An Líonra Eorpach don Ionstraim Ath-lánpháirtithe |
| **EU** | An tAontas Eorpach (AE) |
| **EU+** | Ballstáit AE agus tíortha comhlacha (AE) |
| **EU-FRANK** | An tionscadal um Athshocrú a Éascú agus um Ligean Isteach Dídeanaithe trí Eolas Nua |
| **eu-LISA** | An Ghníomhaireacht Eorpach um Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórscála TF sa limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais |
| **Eurojust** | Aonad an Aontais Eorpaigh um Chomhar Breithiúnach |
| **Europol** | An Oifig Eorpach Póilíní |
| **FRA** | Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha |
| **Frontex** | An Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta |
| **GPS** | An Grúpa um Sholáthar Staidrimh |
| **HOP** | Plean oibriúcháin teophointí |
| **HROP** | Plean oibriúcháin athlonnaithe teophointí |
| **IAS** | An tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach |
| **IARLJ** | Cumann Idirnáisiúnta na mBreithiúna Dlí Dídeanaithe |
| **IDS** | Córas Faisnéise agus Cáipéisíochta |
| **IOM** | An Eagraíocht Idirnáisiúnta um Imirce |
| **IPA** | An Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais |
| **IPCR** | Freagairt Chomhtháite Pholaitiúil do Ghéarchéim |
| **ISAA** | Feasacht agus Anailís Chomhtháite Staide |
| **JHA** | Ceartas agus Gnóthaí Baile (CGB) |
| **JRC** | Airmheán Comhpháirteach Taighde |
| **LAL** | Liosta de na teangacha a bhfuil fáil orthu |
| **MedCOI** | Faisnéis Mhíochaine faoin Tír Thionscnaimh |
| **NCP** | Pointe Teagmhála Náisiúnta |
| **NCPA** | Riarthóir Náisiúnta na Comhthairsí |

| | |
|---|---|
| **NGO** | Eagraíocht Neamhrialtasach |
| **NJTB** | Comhlachtaí Náisiúnta Oiliúna Breithiúnaí |
| **OECD** | An Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta |
| **OVT** | Uirlis fíoraithe tionscnaimh |
| **QIEE** | Tionscnamh Cáilíochta na gCóras Tearmainn in Oirthear na hEorpa agus i gCugas Theas |
| **RDPP NA** | Cláir um Fhorbairt agus Chosaint Réigiúnach — an Afraic Thuaidh |
| **SSP** | Plean Tacaíochta Speisialta |
| **UNHCR** | Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe |
| **WB** | Na Balcáin Thiar |

# Brollach

## Ón Uas. José Carreira, Stiúrthóir Feidhmiúcháin EASO

Bliain shuntasach do EASO ba ea an bhliain 2016. Bhí sí ar cheann de na blianta ab dhúshlánaí don Ghníomhaireacht go dtí seo freisin.

Chuaigh an Ghníomhaireacht i mbun oibre an 1 Feabhra 2011 tar éis theacht i bhfeidhm Rialachán EASO an 19 Meitheamh 2010. Dá bhrí sin, bhain EASO an cúigiú bliain dá chuid oibre amach in 2016. Ba cheart dúinn na héachtaí atá gnóthaithe ag an nGníomhaireacht sna blianta sin a cheiliúradh, agus sinn ar an eolas go dtiocfaidh athruithe tábhachtacha ar fhreagrachtaí EASO agus go ndéanfar gníomhaireacht lánbhunaithe de sna blianta beaga atá romhainn.

Ar leibhéal pearsanta, ceapadh mé mar Stiúrthóir Feidhmiúcháin nua ar EASO in 2016. Ba bhliain í sin a chonaiceamar roinnt eachtraí tábhachtacha lena linn. Treisíodh ról EASO atá ar thús cadhnaíochta i ngníomhaíochtaí a bhaineann le tearmann mar thoradh ar na nithe seo a leanas a tháinig chun cinn le linn 2016: síniú an Ráitis ón Aontas Eorpach (AE) agus ón Tuirc an 18 Márta; conclúidí éagsúla ón gComhairle Ceartais agus Gnóthaí Baile; an Teachtaireacht ón gCoimisiún an 6 Aibreán 2016 inar leagadh amach na tosaíochtaí maidir le feabhas a chur ar an gComhchóras Eorpach Tearmainn agus na tograí ón gCoimisiún an 4 Bealtaine 2016 le haghaidh gníomhaireacht nua AE do chúrsaí tearmainn; athchóiriú chóras Bhaile Átha Cliath agus leasuithe ar an gcóras Eorpach méarlorgaireachta (Eurodac); agus na tograí a leagadh síos an 13 Iúil 2016 le haghaidh athchóiriú a dhéanamh ar an Treoir maidir le Nósanna Imeachta Tearmainn, an Treoir maidir le Cáilíochtaí agus an Treoir maidir le Coinníollacha Glactha.

Gabhann dúshláin nua leis na freagrachtaí leathnaithe nua atá orainn, áfach. Ar an taobh oibríochta de, tá EASO ag obair go gníomhach chun tacaíocht a thabhairt do na Ballstáit, go háirithe an Ghréig agus an Iodáil, agus iad ag déileáil leis an mbrú leanúnach ar a nós imeachta tearmainn. Is brú é sin nach bhfacthas a leithéid riamh. Maidir leis an obair atá á déanamh aige sna teophointí in éineacht le saineolaithe ó thíortha AE+, caithfidh EASO tabhairt faoi phleanáil chasta lóistíochta ionas go bhféadfadh sé tús a chur le hoibríochtaí allamuigh. Caithfidh sé na hoibríochtaí sin a chur i gcrích go tapa freisin ionas go n-éireodh leo. Bhí an obair sin níos doilí




Agus baint lárnach aici le freagairt an Aontais Eorpaigh do na dúshláin imirce reatha, is cúis áthais dom gur léirigh an Ghníomhaireacht seo go bhfuil ról tábhachtach le himirt aici i gcur chun feidhme Chlár Athlonnaithe AE agus an Ráitis ón Aontas Eorpach agus ón Tuirc.

**An Coimisinéir Avramopoulos, agus é ag tabhairt cuairt ar EASO, an 7 Samhain 2016**

fós mar gheall ar na dálaí dúshlánacha a bhí ag ár mbaill foirne agus ag ár saineolaithe obair iontu. Ina theannta sin, níor soláthraíodh do EASO an líon saineolaithe ó na Ballstáit a theastódh uaidh le go bhféadfadh sé tabhairt faoi oibríochtaí lánscála sna teophointí.

D'fháiltigh EASO roimh Dimitris Avramopoulos, an Coimisinéir um Imirce, Gnóthaí Baile agus Saoránacht, nuair a thug sé cuairt ar a cheanncheathrú i Málta an 7 Samhain. Ghabh an Coimisinéir buíochas le EASO as an ról ríthábhachtach atá á imirt aige ar an láthair, go háirithe san Iodáil agus sa Ghréig. Dúirt sé freisin gur éirigh leis an nGníomhaireacht í féin a bhunú, laistigh de thréimhse an-ghairid, mar phríomh-rannpháirtí san obair chun Clár Athlonnaithe AE agus an Ráiteas ón Aontas Eorpach agus ón Tuirc a chur chun feidhme.

Beag beann ar an ardleibhéal gníomhaíochta oibríochta ar thug sé faoi, d'fheidhmigh EASO go maith ina chroíréimsí gnó eile freisin: faisnéis agus anailís, tacaíocht bhuan agus gníomhaíochtaí cothrománacha.

Imríonn geallsealbhóirí EASO ról ríthábhachtach maidir leis an rath ar ghníomhaíochtaí na Gníomhaireachta a áirithiú. Mar sin, d'oibríomar go dlúth leis an mBord Bainistíochta, na Ballstáit, an Coimisiún, an Chomhairle, Parlaimint na hEorpa, gníomhaireachtaí AE sa réimse um Cheartas agus Gnóthaí Baile, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus an tsochaí shibhialta i rith 2016. Tionóladh an séú cruinniú iomlánach bliantúil de chuid Fhóram Comhchomhairleach EASO san Aithin an 28 agus an 29 Samhain 2016. Tháinig níos mó ná 200 rannpháirtí ó 35 thír, idir thíortha AE+ agus thíortha nach tíortha AE iad, le chéile ag an ócáid, áit ar soláthraíodh fóram le haghaidh idirphlé i bhformáid lán-rannpháirtíoch.

Maidir le struchtúr eagrúcháin EASO, rinneadh an Mag. Wolfgang Taucher a atoghadh in 2016 mar Chathaoirleach ar Bhord Bainistíochta EASO ar feadh téarma eile de thrí bliana, an dara ceann dá chuid. Cuireadh tús le hatheagrú na Gníomhaireachta i lár 2016. Mar thoradh ar an obair sin, oiriúnaíodh EASO do na dúshláin nua atá roimhe agus ullmhaíodh é chun a fhreagrachtaí nua a ghlacadh. Ceapadh Cinn Roinne nua, a fhaigheann tacaíocht ó Chinn Aonaid agus Cinn Earnála. agus a bhfuil ról ríthábhachtach imeartha acu cheana féin i dtreisiú na foirne ardbhainistíochta. Léirítear le hoscailt oifigí nua EASO sa Róimh agus san Aithin an ról méadaitheach atá ag EASO ar fud AE, agus é ag socrú síos níos gaire do na teophointí. Is ag croílár na Gníomhaireachta go fóill atá baill foirne EASO. Mar sin, fáiltím roimh na baill foirne nua a tháinig isteach inár gCeanncheathrú, inár n-oifigí réigiúnacha agus sna teophointí agus gabhaim buíochas leo as na héachtaí a baineadh amach in 2016.




**An Coimisinéir Avramopolous, agus é ag bualadh le baill foirne EASO, an 7 Samhain 2016**

# 1. Réamhrá

**Misean EASO**

Is é an misean atá ag EASO, mar lárionad saineolais neamhspleách ar chúrsaí tearmainn, cuidiú leis an gComhchóras Eorpach Tearmainn a chur chun feidhme agus a fhorbairt trí thacaíocht a chur ar fáil agus trí chomhar praiticiúil a éascú, a chomhordú agus a neartú i measc thíortha AE+.

**Prionsabail EASO**

Agus a mhisean á chomhlíonadh aige, cloíonn EASO leis na prionsabail seo a leanas:

- tacaíocht chuimsitheach thráthúil a chur ar fáil do na Ballstáit nuair a iarrtar í;
- cáilíocht agus éifeachtúlacht chórais tearmainn agus ghlactha na mBallstát a mhéadú;
- gníomhú mar lárionad saineolais atá neamhspleách agus neamhchlaon;
- sonraí, anailís agus measúnachtaí atá cruinn agus cothrom le dáta a chur ar fáil ar chúrsaí tearmainn;
- tacú leis na Ballstáit a gcuid freagrachtaí i réimse an tearmainn a ghlacadh agus dlúthpháirtíocht a thaispeáint le Ballstáit a bhfuil a gcórais tearmainn faoi bhrú;
- comhbhearta comhair phraiticiúil agus bearta coiteanna comhair phraiticiúil a éascú agus a spreagadh i réimse an tearmainn, agus muinín fhrithpháirteach á cothú i measc na mBallstát ag an am céanna;
- ionchur fianaisebhunaithe a thabhairt do lucht déanta beartas AE maidir le cúrsaí tearmainn;
- obair i gcomhar le hinstitiúidí AE, gníomhaireachtaí agus comhlachtaí AE, tríú tíortha, eagraíochtaí idirnáisiúnta agus an tsochaí shibhialta.

**Tuarascáil Ghinearálta Bhliantúil EASO**

Cuirtear síos sa Tuarascáil Ghinearálta Bhliantúil ar na héachtaí a bhain an Ghníomhaireacht amach in 2016. Ullmhaíodh í i gcomhréir le hAirteagal 29(1)(c) de Rialachán EASO[1]. Is é Bord Bainistíochta EASO a ghlacann an tuarascáil. Seolfar í chuig Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle, an Coimisiún, lena n-áirítear an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach, agus an Chúirt Iniúchóirí tráth nach déanaí ná an 15 Meitheamh 2017. Cáipéis phoiblí is ea an Tuarascáil Ghinearálta Bhliantúil, agus aistrítear í go gach teanga oifigiúil de chuid AE.

Táirgeann EASO tuarascáil bhliantúil ar leith ar staid an tearmainn san Aontas Eorpach i gcomhréir le hAirteagail 12(1) agus 29(1)(d). Cuirtear an tuarascáil sin ar fáil don phobal.



**Baill foirne EASO in éineacht le ceann amháin de na teaghlaigh sna campaí sa Ghréig**

[1] Rialachán (AE) Uimh. 439/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Bealtaine 2010 lena mbunaítear Oifig Tacaíochta Eorpach do Chúrsaí Tearmainn, IO L 132, 29.5.2010, lch. 11.

# 2. Forbhreathnú ar an mbliain: forbairtí in 2016

Fuarthas ardlíon iarratas ar chosaint idirnáisiúnta in AE+ arís eile i gcaitheamh 2016, rud a chuir brú ar na córais tearmainn agus ghlactha i roinnt Ballstát. Chuaigh an méid sin i bhfeidhm go príomha ar an bpróiseas um iarratais agus cinntí tearmainn, ar chaighdeáin ghlactha agus ar an rochtain ar sheirbhísí. Ba é an toradh a bhí air sin go ndeachaigh na hinstitiúidí AE agus na Ballstáit i muinín beart éigeandála, amhail an Ráiteas ón Aontas Eorpach agus ón Tuirc a ghlacadh agus rialuithe teorann inmheánaí a thabhairt isteach an athuair.

Ba í an staid a bhí ag dul in olcas i gcuid mhór réigiún in aice an Aontais Eorpaigh, an toisc chinntitheach a bhí taobh thiar den mhórphlódú isteach i dtíortha AE+. Léiríonn sé sin gur gá dlúthfhaireachán a dhéanamh ar an staid i dtíortha tionscnaimh na n-iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta agus go bhfuil gá le pleanáil theagmhasach shioncrónaithe agus le solúbthacht ionas gur féidir freagairt a thabhairt go cuí agus go tapa.

Leagadh amach sa Chlár Oibre Eorpach maidir leis an Imirce[2], a glacadh an 13 Bealtaine 2015, an treo straitéiseach ar cheart do institiúidí AE agus na Ballstáit a leanúint agus na bearta ar cheart dóibh a dhéanamh chun cur chuige comhleanúnach cuimsitheach a fhorbairt ar mhaithe le leas a bhaint as na tairbhí a bhaineann leis an imirce agus ar mhaithe le dul i ngleic leis na dúshláin a ghabhann léi.

Ba é an Ráiteas ón Aontas Eorpach agus ón Tuirc an 18 Márta 2016 an chéad eachtra mhór a raibh tionchar suntasach aici ar EASO in 2016. Ba leis an Ráiteas sin a tugadh sainordú do EASO tacú le roinnt bearta a chur chun feidhme sa Ghréig, go háirithe an nós imeachta inghlacthachta. Thacaigh EASO le scéim 1:1 a chur chun feidhme freisin. Bunaíodh an scéim chun bealach dlíthiúil athshocraithe ón Tuirc go AE a chur ar fáil ionas nach dtabharfaí faoi na turais mhírialta chontúirteacha imirceach ón Tuirc go hoileáin na Gréige a thuilleadh. Mar chuid den scéim, déantar Siriach amháin a athshocrú ón Tuirc go AE, i gcomaoin gach Siriaigh a filltear ar an Tuirc.

Bhí impleachtaí ag na forbairtí sin ar ghníomhaíochtaí EASO go háirithe na gníomhaíochtaí sin sa Ghréig, a bhí á saothrú trí chur chuige na dteophointí, mar a dtugtar air. Thug EASO tacaíocht d'údaráis na Gréige tríd an mbonneagar riachtanach a chur i bhfeidhm sna teophointí, lena n-áirítear baill foirne, seirbhísí ateangaireachta agus trealamh soghluaiste. Imscaradh foirne tacaíochta tearmainn ar na hoileáin lena mbaineann chun iarrataí ar chosaint idirnáisiúnta a scrúdú. Bhí sé de dhualgas orthu díriú ar chodanna sonracha den nós imeachta, amhail inghlacthacht agus incháilitheacht do náisiúntachtaí a bhfuil ísealrátaí aitheanta acu. Thacaigh gníomhaíochtaí EASO sa Ghréig leis an scéim athlonnaithe a chur chun feidhme i gceithre réimse freisin, ba iad sin: faisnéis a sholáthar sna teophointí; iarratais ar athlonnú a chlárú; tacaíocht a thabhairt d'Aonad Bhaile Átha Cliath sa Ghréig; agus cabhrú le calaois doiciméad a bhrath.



**Ball foirne EASO, agus í ag súgradh le leanbh sna campaí sa Ghréig**

Thacaigh EASO leis an scéim athlonnaithe a chur chun feidhme san Iodáil trí iarratasóirí incháilithe a d'fhéadfaí a athlonnú a shainaithint roimh ré agus trí fhaisnéis ábhartha a sholáthar. Chomh maith leis sin, chabhraigh an Ghníomhaireacht le hiarratais a chlárú, le déileáil le hiarrataí "ar ghabháil ar láimh" faoi Rialachán Bhaile Átha Cliath agus le cinntí ar athlonnú a ullmhú.

An 6 Aibreán 2016, ghlac an Coimisiún Teachtaireacht dar teideal "I dtreo athchóiriú ar an gComhchóras Eorpach Tearmainn agus bealaigh dhlíthiúla chuig an Eoraip a fheabhsú"[3], rud inar leagadh amach 5 thosaíocht maidir le feabhas a chur ar an gComhchóras Eorpach Tearmainn. Ceann amháin de na tosaíochtaí sin ba ea sainordú nua a thabhairt do ghníomhaireacht AE maidir le cúrsaí tearmainn.

Sna Conclúidí ón gComhairle maidir le Cleachtais Chinnteoireachta Tearmainn a glacadh an 21 Aibreán 2016 ar thionscnamh Uachtaránacht na hÍsiltíre ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh, tugadh cuireadh do EASO struchtúr a bhunú le haghaidh líonra sinsearach beartais a mbeadh sé mar aidhm leis Faisnéis faoin Tír Thionscnaimh (COI) a léiriú agus treoir tíre a fhorbairt ar

[2] COM(2015) 240 críochnaitheach.

[3] COM(2016) 197 críochnaitheach.

bhonn comhpháirteach. Tugadh cuireadh do EASO tús a chur le treoirchleachtadh ar chomhfhorbairt beartais i gcomhar leis an líonra beartais freisin. Bhí an cleachtadh sin bunaithe ar chomhthuarascáil COI ar an Afganastáin.

Mar gheall ar na cúraimí nua a leagadh ar EASO leis an Ráiteas ón Aontas Eorpach agus ón Tuirc agus na Conclúidí ón gComhairle ina dhiaidh sin, ní mór don Ghníomhaireacht na gníomhaíochtaí a bhí beartaithe aici a athchur in ord tosaíochta chun freastal ar an mbéim mhéadaithe ar thacaíocht oibríochta.




**Mana EASO: Is é an misean atá againn tacaíocht a thabhairt**

Mar chuid den chéad phacáiste athchóirithe ar an gComhchóras Eorpach Tearmainn (CEAS), chuir an Coimisiún togra le haghaidh Rialachán nua[4] i láthair an 4 Bealtaine 2016, rud lena ndéanfar gníomhaireacht lánbhunaithe do EASO. Chuir sé tograí i láthair freisin le haghaidh córas Bhaile Átha Cliath a athchóiriú agus le haghaidh leasuithe a dhéanamh ar an gcóras Eorpach méarlorgaireachta (Eurodac). Eisíodh sraith eile de thograí reachtacha ina dhiaidh sin an 13 Iúil 2016. Bhain na tograí le hathchóiriú a dhéanamh ar an Treoir maidir le Nósanna Imeachta Tearmainn, an Treoir maidir le Cáilíochtaí agus an Treoir maidir le Coinníollacha Glactha. Is é an aidhm atá leis na tograí sin an t-athchóiriú riachtanach iomlán a dhéanamh ar gach cuid de chóras tearmainn AE. Áirítear leo bearta chun a chinntiú nach gcuirfear isteach ar shásra Bhaile Átha Cliath de bharr mhí-úsáid an tsásra agus siopadóireacht tearmainn i measc iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta agus tairbhithe cosanta idirnáisiúnta.

Maidir le gníomhaíochtaí gné seachtraí, leag an Coimisiún amach, sa Teachtaireacht uaidh an 7 Meitheamh 2016 maidir le Creat Comhpháirtíochta nua a bhunú le tríú tíortha faoin gClár Oibre Eorpach maidir leis an Imirce[5], leag sé amach bealach nua chun imirce le tríú tíortha a bhainistiú ar bhealach níos fearr. Tá an bealach sin bunaithe ar bheartais agus ionstraimí airgeadais a sholáthar ar bhonn comhpháirteach mar phacáiste Eorpach.

Bhí acmhainní airgeadais breise ag teastáil chun freastal ar an méadú suntasach a tháinig ar ghníomhaíochtaí oibríochta EASO i ndáil leis na teophointí agus le hathlonnú. Chuir an Coimisiún na hacmhainní sin ar fáil sa chéad ráithe de 2016. Bhí buiséad de €19.4m ag EASO i dtús na bliana agus bhí buiséad de €53.1m aige ag deireadh na bliana. Leithdháileadh na hacmhainní breise ar réimsí tábhachtacha, go háirithe na hoibríochtaí atá ar bun san Iodáil agus sa Ghréig, chun uirlisí a fhorbairt le haghaidh athlonnú, le haghaidh líonra Bhaile Átha Cliath agus le haghaidh gníomhaíochtaí cumarsáide a bhaineann le hathlonnú.

Tháinig méadú ollmhór ar chaiteachas oibríochta EASO mar thoradh ar an ról a bhí aige i gcur chun feidhme Ráitis ón Aontas Eorpach agus ón Tuirc sa Ghréig, lenar áirítear imscaradh na céadta saineolaithe agus ateangairí agus soláthar fosheirbhísí sa tír. B'airde i bhfad an méadú sin ná aon mheastacháin bhuiséadacha roimhe sin. Dá bharr sin, fuair EASO Cúnamh Éigeandála/cistiú ón gCiste Tearmainn, Imirce agus Lánpháirtíochta (an Scéim Deontas Cúnaimh Éigeandála) an 6 Meitheamh 2016 chun freastal ar chostas chur chun feidhme an Phlean Gníomhaíochta idir an tAontas Eorpach agus an Tuirc. Cuireadh cistiú breise ar fáil do EASO sa ráithe dheiridh de 2016 chun costais a ghníomhaíochtaí oibríochta a chumhdach go dtí deireadh na bliana.

Bhí roinnt forbairtí tábhachtacha ann i struchtúr bainistíochta EASO in 2016 freisin. Rinne an Bord Bainistíochta an tUas. José Carreira a roghnú mar Stiúrthóir Feidhmiúcháin nua ar EASO. Chuaigh sé i mbun dualgas i mí Aibreáin 2016, tar éis dó feidhmiú mar Stiúrthóir Feidhmiúcháin gníomhach ón 1 Samhain 2015 i leith. Rinneadh an Mag. Wolfgang Taucher, an Cathaoirleach ar Bhord Bainistíochta EASO, a atoghadh ar feadh tréimhse eile trí bliana ag an gcruinniú a tionóladh i mí Eanáir 2016.

[4] COM(2016) 271 críochnaitheach.

[5] COM(2016) 385 críochnaitheach.




**An Mag. Wolfgang Taucher agus an tUas. José Carreira**

Mar thoradh ar na dúshláin oibríochta atá roimh EASO agus ar na hathruithe a bheartaítear sa togra ón gCoimisiún le haghaidh gníomhaireacht nua AE do chúrsaí tearmainn, atheagraíodh struchtúr inmheánach eagrúcháin EASO chun go bhféadfadh sé a ról méadaitheach a chomhlíonadh ar bhealach níos fearr agus chun é a ullmhú do na freagrachtaí a bheadh ag gabháil leis an sainordú nua. Rinne an ghníomhaireacht dul chun cinn suntasach i ndaoine a earcú le haghaidh poist thábhachtacha sa struchtúr inmheánach, poist san fhoireann ardbhainistíochta ina measc. Chomh maith leis sin, cheap sí oifigigh idirchaidrimh chuig Institiúidí AE sa Bhruiséil ar mhaithe le caidreamh níos dlúithe a chothú agus ar mhaithe le comhar a éascú i réimsí leasa choitinn. D’oscail EASO oifigí oibríochta san Aithin agus sa Róimh freisin, agus é ag féachaint lena oibríochtaí sa Ghréig agus san Iodáil a éascú agus lena láithreacht sna Ballstáit sin a threisiú sna blianta atá le teacht.

# 3. Tosaíochtaí EASO in 2016

Shainigh EASO a thosaíochtaí do 2016 sa Chlár Oibre 2016, rud a ghlac an Bord Bainistíochta an 24 Meán Fómhair 2015. Coigeartaíodh an clár oibre ina dhiaidh sin ar aon dul le buiséad glactha AE. Leasaíodh an clár oibre trí huaire agus leasaíodh an buiséad ceithre huaire chun aird a thabhairt ar na hathruithe suntasacha a tháinig chun cinn le linn 2016.

Ba iad seo a leanas na tosaíochtaí a bhí ag EASO in 2016:

- **Teophointí**

Rannchuidiú a dhéanamh maidir le cur chuige nua na dteophointí agus líon ball foirne de chuid EASO agus líon saineolaithe de chuid na mBallstát ar an láthair a mhéadú i gcomhar iomlán leis an gCoimisiún Eorpach agus na Gníomhaireachtaí ábhartha eile chun tacú leis an Iodáil agus leis an nGréig, i measc tíortha eile, aghaidh a thabhairt ar an mbrú méadaithe ar a gcórais tearmainn.



**Baill foirne EASO in Lesvos, an Ghréig**



**Baill foirne EASO in Idomeni, an Ghréig**

- **An Ráiteas ón Aontas Eorpach agus ón Tuirc**

Tacú le Seirbhís Tearmainn na Gréige an Ráiteas ón Aontas Eorpach agus ón Tuirc a chur chun feidhme.

- **Athlonnú**

Tacú leis na bearta athlonnaithe arna gcomhaontú ar leibhéal AE, mar shampla, 160,000 duine a bhfuil gá soiléir acu le cosaint ón Iodáil agus ón nGréig a athlonnú.

- **CEAS a chur chun feidhme go comhleanúnach — Faisnéis agus Anailís**

Cur le hacmhainn EASO chun faisnéis agus cáipéisí atá cruinn agus cothrom le dáta a bhailiú agus a mhalartú maidir le feidhmiú CEAS, agus tuilleadh forbairt a dhéanamh ar Chóras Luathrabhaidh agus Ullmhachta (EPS) chun anailís a dhéanamh ar threochtaí.

Tuilleadh Faisnéise coitinne faoin Tír Thionscnaimh (COI) a tháirgeadh agus úsáid éifeachtach na faisnéise sin a chur chun cinn.

Iniúchadh a dhéanamh ar fhaisnéis a tháirgeadh a d'fhéadfaí a úsáid chun tíortha a ainmniú mar thíortha tionscnaimh sábháilte.

Stiúradh a dhéanamh ar an obair chun Córas Faisnéise agus Cáipéisíochta a fhorbairt, rud a bheidh ina lárphointe tagartha le haghaidh faisnéis faoi chórais tearmainn san Aontas Eorpach agus faoi fhorbairtí atá ábhartha do chur chun feidhme CEAS.

Tuilleadh gníomhaíochtaí bailiú sonraí oibríochta agus tuilleadh tuarascálacha ina leith sin a fhorbairt chun léargas níos fearr a fháil ar an staid agus chun pleanáil agus cinnteoireacht oibríochta níos fearr a chumasú.

- **CEAS a chur chun feidhme go comhleanúnach — Feabhas a chur ar cháilíocht na bpróiseas tearmainn**

Leanúint le forbairt a dhéanamh ar uirlisí agus treoirlínte a bhfuil sé mar aidhm leo feabhas a chur ar cháilíocht na bpróiseas agus na gcinntí tearmainn.

Tacú le daoine leochaileacha a shainaithint ar bhealach níos fearr, lena n-áirítear daoine sna teophointí, agus athlonnú a chur chun feidhme ag an am céanna.

Líonra Bhaile Átha Cliath a bhunú, rud a bheidh ina líonra tiomnaithe d'Aonaid náisiúnta Bhaile Átha Cliath atá dírithe ar chomhar frithpháirteach a chothú agus córas Bhaile Átha Cliath a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach, lena n-áirítear chun críocha athlonnaithe.



Imirceach ag léamh faoin gClár Athlonnaithe

- **CEAS a chur chun feidhme go comhleanúnach — Coinníollacha glactha**

Líonra tiomnaithe d'údaráis náisiúnta ghlactha a bhunú chun malartú faisnéise agus dea-chleachtais a chur chun cinn.

- **CEAS a chur chun feidhme go comhleanúnach — Oiliúint**

Ról na hoiliúna agus na forbartha gairmiúla coitinne a neartú i réimse an tearmainn.

Idirphlé breithiúnach a spreagadh i réimse an tearmainn.

- **An ghné sheachtrach**

Gníomhaíochtaí EASO a chur i gcrích sna Balcáin Thiar agus sa Tuirc trí dhul i mbun comhar méadaithe le gníomhaireachtaí AE (e.g. Frontex) agus eagraíochtaí idirnáisiúnta chun freagairt dona riachtanais atá ann sa réigiún trí fhothú acmhainní agus tacaíocht oibríochta a chur ar fáil, agus aird á tabhairt ar shocruithe réigiúnacha reatha.

Tacú arís eile leis an ngné sheachtrach de CEAS, lena n-áirítear 20,000 duine a bhfuil gá acu le cosaint a athshocrú.

- **Gníomhaíochtaí cothrománacha**

Sineirgí a neartú ar leibhéal cothrománach i measc na ngeallsealbhóirí ábhartha uile de chuid líonra comhair EASO.

Córas ceisteanna EASO a fhorbairt tuilleadh chun déileáil le saincheisteanna a bhaineann le beartais agus cleachtais i ndáil le feidhmiú CEAS.

Ról éifeachtach a thabhairt don tsochaí shibhialta agus réim ghníomhaíochtaí cumarsáide seachtraí EASO a mhéadú.

# 4. Éachtaí EASO in 2016

Tá cur síos mionsonraithe ar thorthaí EASO do 2016 leagtha amach thíos faoi na ceannteidil faoi seach maidir lena chroíghníomhaíochtaí gnó.

## 4.1 Tacaíocht oibríochta

Tugann EASO faoi ghníomhaíochtaí tacaíochta oibríochta atá dírítear ar aghaidh a thabhairt ar na riachtanais atá ag teacht chun cinn sna Ballstáit maidir le *acquis* tearmainn AE a chur chun feidhme ina iomláine agus maidir le freagairt don bhrú ar leith atá ar a gcórais tearmainn agus ghlactha. Cuireann EASO a thacaíocht oibríochta in oiriúint do na riachtanais shonracha atá ag Ballstáit aonair agus do na hiarrataí sonracha a fhaightear uathu.

### 4.1.1 An Iodáil agus an Ghréig

Cuirtear tacaíocht oibríochta ar fáil san Iodáil agus sa Ghréig trí shaineolaithe thíortha AE+ a imscaradh i bhFoirne Tacaíochta Tearmainn nó trí thacaíocht eile a thabhairt de réir mar is gá, lena n-áirítear trí Chomhphróiseáil. Oibríonn EASO i gcomhar le comhlachtaí ábhartha maidir le tacaíocht den sórt sin a chur ar fáil, agus aird ar leith á tabhairt aici ar chomhar oibríochta le Frontex agus geallsealbhóirí eile. Ar mhaithe le cur chun feidhme éifeachtúil na ngníomhaíochtaí ar an láthair a chinntiú, cuireann EASO an lóistíocht, an trealamh, an troscán agus na hábhair atá riachtanach ar fáil. Cuireann sé seirbhísí riachtanacha amhail seirbhísí ateangaireachta agus idirghabhála cultúrtha, seirbhísí iompair agus tacaíocht riaracháin ar fáil ina leith sin chomh maith.

Tacaíonn EASO le bearta athlonnaithe a chur chun feidhme san Iodáil agus sa Ghréig freisin.

**An Iodáil**

| Príomhthorthaí EASO in 2016 |
|---|
| **Rinneadh 1 Phlean Oibriúcháin Athlonnaithe Teophointí a shíniú agus a chur chun feidhme** |
| **Imscaradh 170 saineolaí chun bearta faoin bPlean Oibriúcháin a chur i gcrích** |
| **Cuireadh 3 bheart tacaíochta a beartaíodh sa Phlean Oibriúcháin chun feidhme** |
| **Rinne na húdaráis náisiúnta tearmainn 2,654 dhuine a athlonnú le tacaíocht ó EASO** |
| **Imscaradh 7 saineolaí chun bearta faoin bPlean Tacaíochta Speisialta a chur i gcrích** |
| **Cuireadh 2 bheart tacaíochta faoin bPlean Tacaíochta Speisialta chun feidhme** |
| **Críochnaíodh 1 mheastóireacht ar an bPlean Tacaíochta Speisialta** |


| Príomhthorthaí EASO in 2016 |
|---|
| **Imscaradh 6 saineolaí chun meastóireacht a dhéanamh ar an bPlean Tacaíochta Speisialta** |

San Iodáil, thacaigh EASO le cur chun feidhme a dhéanamh ar na Cinntí ón gComhairle maidir le hathlonnú trí iarratasóirí incháilithe a d'fhéadfaí a athlonnú a shainaithint roimh ré agus trí fhaisnéis ábhartha a sholáthar (i dteophointí, pointí díbhordála agus ionaid ghlactha i gceantar na Róimhe). Thacaigh EASO freisin le hiarratais a chlárú (i moil chlárúcháin agus trí fhoirne taistil a chumhdaigh na láithreacha ábhartha de réir riachtanas ar bhonn *ad hoc*) agus le hiarrataí "ar ghabháil ar láimh" faoi Rialachán Bhaile Átha Cliath a láimhseáil. Tacaíodh freisin le cinntí ar athlonnú a ullmhú.

Chuir EASO foirne buana tacaíochta tearmainn ar bun i ngach ceann de na ceithre theophointe fheidhmiúla san Iodáil (i.e. in Lampedusa, Trapani, Taranto agus Pozzallo), agus é de dhualgas orthu faisnéis a sholáthar faoi athlonnú. Chumhdaigh 2 fhoireann taistil dá chuid ceantair na Sicile agus na Róimhe. Ag gníomhú dóibh de réir an nós imeachta tearmainn, thacaigh foirne tacaíochta tearmainn EASO le hiarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta a chlárú i moil réigiúnacha amhail Villa Sikania (Agrigento), Milano (go deireadh mhí Aibreáin 2016), Bari, Crotone agus Mineo. Thug siad tacaíocht d'iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta sa Róimh freisin. Imscaradh 2 fhoireann taistil ar bhonn *ad hoc* i láithreacha ar ainmnigh údaráis na hIodáile iad. Bhí sé de dhualgas orthu tacú le daoine a chlárú agus acmhainn na bpóilíní áitiúla a fhorbairt. Cumhdaíodh 24 láthair ar fud na hIodáile ar fad san obair sin. Rinne EASO idirghabhálaithe cultúrtha a imscaradh freisin chun cabhrú le tacaíocht oibríochta a chur chun feidhme san Iodáil.

Chuir EASO trealamh teicniúil ar fáil ar mhaithe le dálaí oibre oiriúnacha éifeachtúla a chinntiú. Suiteáladh 5 cinn d'oifigí soghluaiste nó de choimeádáin shoghluaiste agus cuireadh 25 stáisiún oibre ar fáil d'údaráis na hIodáile chun tacú le clárú. Thacaigh EASO le baill foirne eatramhacha a imscaradh in Aonad Bhaile Átha Cliath freisin.

Lean EASO le faisnéis thábhachtach faoi athlonnú agus le hábhair infheictheachta ar athlonnú a chur ar fáil i dteangacha difriúla. Seoladh aip fón póca maidir le hathlonnú agus cuireadh ar fáil í i roinnt teangacha difriúla ansin (Araibis, Tigrinis agus Coirdis). Chomh maith leis sin, thug EASO cúnamh le linn roinnt cruinnithe leis an bpreas agus geallsealbhóirí eile; rannchuidigh sé le feasacht a mhéadú ar an bpróiseas athlonnaithe agus ar choinníollacha agus riachtanais ina leith; agus chuir sé cosc ar scaipeadh mífhaisnéise.



Leanaí ag léamh faoin gClár Athlonnaithe sna campaí sa Ghréig

Mar chuid den ról atá aige mar bhall gníomhach den mheitheal um athlonnú atá faoi stiúir ag Aireacht Gnóthaí Baile na hIodáile, agus ag gníomhú dó i gcomhar le húdaráis náisiúnta, Frontex, Europol, Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe (UNHCR) agus an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Imirce (IOM), rannchuidigh EASO le Nósanna Imeachta Caighdeánacha Oibríochta a fhorbairt do theophointí na hIodáile agus le hathbhreithniú leanúnach a dhéanamh orthu (lena n-áirítear gnéithe a bhaineann le staid na leanaí gan tionlacan sna teophointí). Rannchuidigh EASO leis an bprótacal athlonnaithe a forbraíodh don Iodáil freisin. Chomh maith leis sin, ghlac EASO páirt i gcruinnithe fothú acmhainní do gheallsealbhóirí sna teophointí. Cuireadh na cruinnithe sin ar siúl i samhradh 2016.

Agus é ag féachaint le cur chun feidhme a chuid gníomhaíochtaí san Iodáil a éascú, chuir EASO oifig oibríochta ar bun sa Róimh, áit a bhfuil roinnt ball foirne dá chuid lonnaithe faoi láthair. Soláthraítear san oifig sin spás inar féidir ceardlanna agus seisiúin ionduchtúcháin a reáchtáil do shaineolaithe atá imscartha san Iodáil agus inar féidir tabhairt faoi ghníomhaíochtaí arna bhforbairt chun tacú le húdaráis na hIodáile. Bhí Céim 2 de Phlean Tacaíochta Speisialta EASO i bhfeidhm go dtí an 31 Márta 2016, agus é mar aidhm leis cabhrú le forbairt ghairmiúil an Choimisiúin Náisiúnta Tearmainn. Leathnaíodh bearta roghnaithe tacaíochta i réimse na Faisnéise faoin Tír Thionscnaimh (COI) agus tugadh faoi ghníomhaíochtaí ábhartha ina leith sin sa cheathrú ráithe de 2016 i gcomhréir leis an mbuiséad a bhí ar fáil. Rinneadh meastóireacht deiridh ar Chéim 2 den Phlean Tacaíochta Speisialta sa Róimh idir an 12 agus an 16 Nollaig 2016. Eagraíodh an mheastóireacht i gcomhar le hAireacht Gnóthaí Baile na hIodáile. Meastar go mbeidh tuarascáil na meastóireachta réidh go luath in 2017.

Ag teacht sna sála ar iarraidh ar thacaíocht a fuarthas ó údaráis na hIodáile, chomhaontaigh an Iodáil agus EASO Plean Oibriúcháin aonair don bhliain 2017. Comhcheanglaítear sa phlean sin na gníomhaíochtaí tacaíochta uile atá ar bun, lena n-áirítear tacaíocht don nós imeachta athlonnaithe. Síníodh an plean i mí na Nollag 2016. Seoladh an chéad ghlao ar shaineolaithe i mí na Nollag 2016.

**An Ghréig**

| **Príomhthorthaí EASO in 2016** |
|---|
| **Cuireadh 1 Phlean Oibriúcháin Teophointí chun feidhme agus síníodh 2 leasú air** |
| **Imscaradh 489 saineolaí: 160 duine díobh le haghaidh gníomhaíochtaí a bhaineann le hathlonnú agus 329 nduine díobh le haghaidh chur chun feidhme an Ráitis ón Aontas Eorpach agus ón Tuirc** |
| **Cuireadh 4 bheart tacaíochta chun feidhme** |
| **Rinne na húdaráis náisiúnta tearmainn 7,280 duine a athlonnú le tacaíocht ó EASO** |
| **Rinneadh 6,774 agallamh mar chuid de chur chun feidhme an Ráitis ón Aontas Eorpach agus ón Tuirc** |
| **Imscaradh 54 shaineolaí chun bearta faoin bPlean Tacaíochta Speisialta a chur i gcrích** |
| **Cuireadh 6 bheart tacaíochta faoin bPlean Tacaíochta Speisialta chun feidhme** |

Thacaigh gníomhaíochtaí EASO sa Ghréig leis an sásra athlonnaithe a chur chun feidhme i gceithre réimse, ba iad sin: faisnéis a sholáthar sna teophointí (lonnaithe i Lesbos, Chios, Samos, Leros agus Kos sna hOileáin Aeigéacha); iarratais ar athlonnú a chlárú; tacaíocht a thabhairt d'Aonad Bhaile Átha Cliath sa Ghréig; agus cabhrú le calaois doiciméad a bhrath.

Leasaíodh an Plean Oibriúcháin Teophointí le linn 2016 chun beart nua a thabhairt isteach. Mar chuid den bheart sin, comhaontaíodh go dtacódh EASO le cur chun feidhme an nós imeachta inghlacthachta chun cabhrú le cur chun feidhme an Ráitis ón Aontas Eorpach agus ón Tuirc. Rinneadh leasuithe eile ar an bPlean i ndáil le réamhchlárú agus leis an nós imeachta incháilitheachta agus lánscrúdaithe tearmainn do náisiúntachtaí a bhfuil ísealrátaí aitheanta acu.

I dteannta na 7,280 duine a athlonnaíodh, chuir an Ghréig 6,737 n-iarratas isteach chuig Ballstáit an athlonnaithe. Bhí siad sin fós sa phróiseas athlonnaithe ag deireadh 2016.

Maidir leis an Ráiteas ón Aontas Eorpach agus ón Tuirc a glacadh an 18 Márta 2016, thug EASO tacaíocht d'údaráis na Gréige tríd an mbonneagar riachtanach a chur i bhfeidhm sna teophointí, lena n-áirítear baill foirne, seirbhísí ateangaireachta agus trealamh soghluaiste. Imscaradh foirne tacaíochta tearmainn in Lesbos, Chios, Samos, Leros, Kos agus Corinth chun iarrataí ar chosaint idirnáisiúnta a scrúdú. Bhí sé de dhualgas orthu díriú ar chodanna sonracha den nós imeachta, amhail inghlacthacht agus incháilitheacht do náisiúntachtaí a bhfuil ísealrátaí aitheanta acu. Ba i ndlúthchomhar

le Grúpa Stiúrtha an Choimisiúin Eorpaigh, Aireachtaí ábhartha na Gréige agus Seirbhís Tearmainn na Gréige a chuir EASO a chuid oibre i gcrích sa tír.

Cuireadh na bearta thuasluaite ar bhonn foirmiúil trí 2 leasú a dhéanamh ar Phlean Oibriúcháin Teophointí EASO. Rinneadh an chéad leasú i mí Aibreáin 2016, agus é mar aidhm leis tacaíocht a thabhairt isteach do chur chun feidhme an nós imeachta inghlacthachta. Rinneadh an dara leasú i mí Iúil 2016, agus é ag baint le réamhchlárú agus leis an nós imeachta incháilitheachta/lánscrúdaithe tearmainn do náisiúntachtaí a bhfuil íosealrátaí aitheanta acu.

Ag gníomhú dó faoin bPlean Tacaíochta Speisialta, thug EASO tacaíocht don Ghréig sna réimsí seo a leanas: tacaíocht i ndáil leis an nós imeachta glactha, ceardlann ar leas an linbh, cruinnithe an Líonra Oiliúnóirí, tacaíocht i ndáil le cistí AE agus acmhainní airgeadais eile, ceardlann phraiticiúil ar eisiamh agus ceardlann ar acmhainn COI — an tSiria.

Ag teacht sna sála ar iarraidh ar thacaíocht a fuarthas ó údaráis na Gréige, chomhaontaigh an Ghréig agus EASO Plean Oibriúcháin Speisialta nua do 2017. Comhcheanglaítear sa phlean sin na gníomhaíochtaí tacaíochta uile atá ar bun. Síníodh an plean i mí na Nollag 2016. Comhcheanglaítear sa phlean na bearta tacaíochta agus na gníomhaíochtaí oibríochta uile atá ar bun ag EASO sa Ghréig agus neartaítear leis an comhar atá ar bun idir an Ghníomhaireacht agus údaráis na Gréige. Seoladh an chéad ghlao ar shaineolaithe i mí na Nollag 2016.

## 4.1.2 An Bhulgáir agus an Chipir

| Príomhthorthaí EASO in 2016 |
|---|
| **An Bhulgáir:**<br>**Tá 10 mbeart tacaíochta gníomhaí á gcur chun feidhme** |
| **An Chipir:**<br>**Tá 6 bheart tacaíochta gníomhaí á gcur chun feidhme** |

In 2016, chuir EASO tacaíocht speisialta ar fáil don Bhulgáir agus don Chipir faoi chuimsiú na bPleananna Tacaíochta Speisialta a síníodh leis an dá Bhallstát.

**An Bhulgáir**

Cuireadh roinnt gníomhaíochtaí chun feidhme sa tír le linn 2016. Áiríodh iad seo a leanas leis na gníomhaíochtaí sin: seisiúin oiliúna (modúl oiliúna don oiliúnóir mar chuid de CEAS, oiliúint i leanaí a chur faoi agallamh); ceardlanna (ar eisiamh, céasadh a shainaithint, agus acmhainn COI - an tSiria); comhdháil ar leanaí gan tionlacan; cruinnithe (Maitrís Cháilíochta na bPointí Teagmhála Náisiúnta ar Cháilíocht, Riarthóirí na dTairseacha Náisiúnta COI (Riarthóirí Náisiúnta na Comhthairsí), an Sainlíonra COI ar an Iaráic, an Líonra Glactha, an Líonra Straitéiseach COI, ciorrú baill ghiniúna ban, Coiste Teagmhála Bhaile Átha Cliath, an Grúpa um Sholáthar Staidrimh, Bainistíocht Cáilíochta, Líonra an Chórais Faisnéise agus Cháipéisíochta); tacaíocht i ndáil le forbairt ghairmiúil sa chéad chéim agus sa chéim bhreithiúnach; agus tacaíocht i ndáil le hateangaireacht i dteangacha nach teangacha Eorpacha iad (i.e. Mongóilis, Tamailis agus Siolóinis).

Tugadh faoi chuairteanna staidéir ar shaoráidí glactha iata agus ionaid shomhillte sa Ríocht Aontaithe, an Ísiltír, an Ungáir, an Bheilg, an Pholainn agus an Fhrainc. Tugadh faoi chuairteanna breithiúnacha sna tíortha sin chomh maith.

Imscaradh 3 saineolaí de chuid na mBallstát chuig an mBeilg chun tacú le gníomhaíochtaí sa tír. Imscaradh 77 saineolaí de chuid na Bulgáire chuig Ballstáit eile freisin, e.g. ar chuairteanna staidéir. Rinneadh an Plean Tacaíochta Speisialta don Bhulgáir a leasú agus a fhadú go dtí an 30 Meitheamh 2017.

**An Chipir**

Bhain an Chipir tairbhe as roinnt gníomhaíochtaí tacaíochta lenar áiríodh seisiúin oiliúna (oiliúint bhreithiúnach don Chúirt Riaracháin, oiliúint náisiúnta i gcúrsaí glactha, agus oiliúint Eurodac do na póilíní agus baill foirne tearmainn) agus oiliúint ar an láthair oibre inar díríodh ar chórais chaomhnóireachta.

Eagraíodh cuairt staidéir ar an gcóras leictreonach dul isteach/imeachta atá ar bun in ionad glactha oscailte san Ungáir. Tugadh cuairt staidéir ar an mBeilg chomh maith chun scrúdú a dhéanamh ar ionaid dídine na mban.

Imscaradh 5saineolaí de chuid na mBallstát chuig an gCipir agus imscaradh 16 shaineolaí de chuid na Cipire chuig Ballstáit eile, e.g. ar chuairteanna staidéir. Rinneadh an Plean Tacaíochta Speisialta don Chipir a leasú agus a fhadú go dtí an 28 Feabhra 2017.

## 4.1.3 Uirlisí tacaíochta a fhorbairt le haghaidh oibríochtaí agus le haghaidh athlonnú

| Príomhthorthaí EASO in 2016 |
|---|
| **Le haghaidh oibríochtaí:**<br>**Seoladh forbairt nua ar chóras leictreonach an Díorma um Idirghabháil Tearmainn atá á reáchtáil ag EASO**<br>**Forbraíodh 2 lámhleabhar le haghaidh oibríochtaí**<br>**Tionóladh 1 chruinniú de chuid na bPointí Teagmhála Náisiúnta maidir leis an Díorma um Idirghabháil Tearmainn** |
| **Le haghaidh athlonnú:**<br>**Forbraíodh 11 uirlis**<br>**Reáchtáladh 2 sheisiún oiliúna d'ateangairí** |

Le linn 2016, d'oibrigh EASO chun lámhleabhar ar chumarsáid oibríochta a fhorbairt. Tá an bhailchríoch á cur ar an lámhleabhar sin faoi láthair agus meastar go mbeidh sé réidh i dtús 2017. Rinneadh an dara lámhleabhar ar chomhphróiseáil agus an tuarascáil theicniúil a ghabhann leis a chur i gcrích i mí Mheán Fómhair 2016. Ullmhaíodh an chéad leagan den Treoirphlean Éigeandála agus nuashonrófar é tar éis tuilleadh plé a dhéanamh air.

D'fhorbair EASO teimpléid don nós imeachta gealltanas, mar aon le treoir maidir le sainroghanna a chur in iúl le linn an nós imeachta athlonnaithe. I mí na Bealtaine 2016, cuireadh uirlis phraiticiúil i gcrích lena soláthraítear treoir chun tacú le leasanna an linbh a mheasúnú i gcomhthéacs an athlonnaithe. Tá uirlis phraiticiúil eile á forbairt faoi láthair, rud lena ngabhann faisnéis atá sothuigthe ag leanaí faoi nósanna imeachta tearmainn agus athlonnaithe. Is é an aidhm atá léi cúnamh a thabhairt do shaineolaithe EASO faisnéis shaincheaptha a chur ar fáil ar an láthair. Foilsíodh bróisiúr ina dtugtar treoir do Bhallstáit an athlonnaithe maidir le conas bileoga faisnéise réamhimeachta a chruthú.

Áiríodh leis na próisis tacaíochta eile a cuireadh ar bun aiseolas démhíosúil cáilíochta a thabhairt ar na tuairimí arna n-ullmhú ag saineolaithe EASO sa Ghréig maidir le cur chun feidhme an Ráitis ón Aontas Eorpach agus ón Tuirc. Chuir EASO ábhair oiliúna d'ateangairí le chéile freisin chun soiléiriú a thabhairt ar an ról atá ag rannpháirtithe difriúla in agallaimh a bhaineann le hiarratais ar chosaint idirnáisiúnta.

Tá uirlis meaitseála á forbairt faoi láthair chun tacú leis an bpróiseas athlonnaithe. Meastar go soláthrófar an chéad chomhéadan inúsáidte faoi dheireadh na chéad ráithe de 2017.

Agus é ag cur le hardcheardlann na Maitríse Cáilíochta ar eisiamh a eagraíodh i mí Feabhra 2016, d'fhorbair EASO uirlis scagtha eisiaimh d'iarratasóirí Siriacha i ndáil leis an scéim athlonnaithe. Eagraíodh seisiún ionduchtúcháin san Aithin i mí Lúnasa 2016 chun feasacht a mhéadú ar chur chun feidhme na huirlise sin.

Agus leas á bhaint as Cur Chuige na Líonraí COI atá i bhfeidhm aige, rinne EASO faisnéis ábhartha faoin tír thionscnaimh a thiomsú agus a phróiseáil i gcomhar le saineolaithe de chuid na mBallstát. Is é an toradh atá ar an obair sin go bhfuil punanna ann anois atá miondealaithe de réir raon leathan topaicí atá ábhartha d'fhíorú tionscnaimh. Forbraíodh 2 uirlis fíoraithe tionscnaimh don tSiria agus don Eiritré agus tá siad ceaptha lena n-úsáid ag taighdeoirí COI agus an lucht déanta cinntí tearmainn.

Bhailigh EASO sonraí athlonnaithe ón Iodáil agus ón nGréig gach seachtain. D'ullmhaigh sé tuarascálacha laethúla ar dhul chun cinn an phróisis athlonnaithe agus tuarascálacha seachtainiúla ar imscaradh saineolaithe agus réamhaisnéisí maidir leis an ngá atá le saineolaithe sna 6 seachtaine ina dhiaidh sin.

## 4.2 Faisnéis agus anailís

### 4.2.1 Córas Faisnéise agus Cáipéisíochta

| **Príomhthorthaí EASO in 2016** |
|---|
| **Bailíodh faisnéis ón gcóras náisiúnta tearmainn de chuid 30 tír AE+** |
| **Bhí 18 dtír AE+ ina mball de líonra an Chórais Faisnéise agus Cháipéisíochta (IDS)** |
| **Tionóladh 2 chruinniú de chuid líonra IDS** |
| **Rinne 5 thír AE+ ábhar IDS a bhailíochtú** |

Tá an Córas Faisnéise agus Cáipéisíochta (IDS) ina leabharlann inchuardaithe atá ar fáil ar an Idirlíon d'úsáideoirí cláraithe inmheánacha. Leis an gCóras, tugtar forbhreathnú cuimsitheach ar an dóigh a mbíonn gach céim thábhachtach den phróiseas tearmainn á cur i gcrích i dtíortha aonair AE+ agus in AE+ i gcoitinne, lena n-áirítear tagairtí do cháipéisí ábhartha atá stóráilte sa chóras. Cuirtear faisnéis faoi reachtaíocht ábhartha agus faisnéis dlí-eolaíochta agus staidrimh ar fáil leis freisin. Áirítear iad seo a leanas leis na príomhréimsí téamacha a bpléitear leo ar IDS: rochtain ar nós imeachta, cinneadh ag an gcéad chéim, cinneadh ag an dara céim, nósanna imeachta Bhaile Átha Cliath, glacadh agus coinneáil, filleadh, agus inneachar cosanta/imeasctha.

Rinne EASO tuilleadh forbartha ar IDS le linn 2016, rud lenar soláthraíodh pointe aonair faisnéise faoin dóigh a n-eagraítear córais tearmainn agus ghlactha thíortha AE+ agus lenar tugadh forbhreathnú ar fheidhmiú praiticiúil CEAS do gheallsealbhóirí ábhartha (go háirithe tíortha AE+, ag an gcéim reatha den fhorbairt). Ar an mbealach sin, rannchuidíonn EASO le cur chun feidhme CEAS trí mhalartú faisnéise faoi chleachtais náisiúnta a eagrú, a chomhordú agus a chur chun cinn trí bhunachair shonraí fíorasacha, dlíthiúla agus cásdlí a chruthú chun tacú le malartú faisnéise faoi chur chun feidhme an *acquis* tearmainn i measc na ngeallsealbhóirí ábhartha. Éilítear sa Chlár Oibre Eorpach maidir leis an Imirce freisin go n-aimseofaí bealach níos córasaí chun faisnéis a bhailiú faoi fheidhmiú praiticiúil CEAS.

Tá an t-inneachar ar fud raon topaicí éagsúla laistigh de IDS á leathnú agus á nuashonrú ag EASO faoi láthair. Bailíodh faisnéis tosaigh ó fhoinsí difriúla cheana féin, lena n-áirítear tuarascálacha Maitrís Cháilíochta EASO, tuarascálacha ó Ghréasán Imirce na hEorpa, bunachair shonraí de chuid údarás riaracháin náisiúnta, ionchur ó bhaill den líonra, agus sonraí arna mbailiú don Tuarascáil Bhliantúil ar staid an tearmainn san Aontas Eorpach.

Déantar an fhaisnéis in IDS a bhailíochtú agus a nuashonrú le tacaíocht ó líonra IDS, rud atá comhdhéanta de shaineolaithe náisiúnta ó na húdaráis riaracháin tearmainn de chuid thíortha AE+. Forbraíodh teimpléad do bhailiú cásdlí ó líonra comhaltaí cúirte agus binse EASO freisin. Ba é an toradh a bhí air sin gur sholáthair triúr comhaltaí den líonra nuashonruithe ar an gcásdlí.

### 4.2.2 Córas Luathrabhaidh agus Ullmhachta

| Príomhthorthaí EASO in 2016 |
|---|
| **Chuir 30 ceann de 30 tír AE+ sonraí ar fáil gach mí don Chóras Luathrabhaidh agus Ullmhachta (Céim III)** |
| **Leanadh le sonraí a bhailiú gach seachtain faoi staid an tearmainn in AE+ agus leathnaíodh an obair sin** |
| **Fuarthas 18 dtuarascáil faisnéise tíre a bhaineann le cúrsaí tearmainn le linn treoirthionscadail** |
| **Ullmhaíodh 11 tuarascáil anailíse mhíosúla ar threochtaí** |
| **Ullmhaíodh 8 bhforbhreathnú ar athshocrú** |
| **Ullmhaíodh 5 thuarascáil dhémhíosúla ar chur chun feidhme Rialachán Bhaile Átha Cliath** |
| **Ullmhaíodh 51 tuarascáil sheachtainiúla** |
| **Ullmhaíodh 10 dtuarascáil ar an sásra faireacháin iar-léirscaoileadh víosaí** |
| **Tionóladh 2 chruinniú de chuid an Ghrúpa um Sholáthar Staidrimh** |
| **Tá clár taighde EASO ar siúl ar na tosca brú agus tarraingthe do shreafaí difriúla tearmainn** |

Rinne EASO tuilleadh forbartha ar a Chóras Luathrabhaidh agus Ullmhachta sa bhliain. Is é an aidhm atá leis an gCóras faisnéis agus anailísí atá cruinn agus tráthúil a thabhairt do thíortha AE+, an Coimisiún Eorpach, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Parlaimint na hEorpa maidir le sreafaí iarrthóirí tearmainn chuig AE agus laistigh de agus maidir leis an acmhainn atá ag tíortha AE+ chun déileáil leis na sreafaí sin.

Leis an gCóras Luathrabhaidh agus Ullmhachta, cuirtear leis an sásra luathrabhaidh, ullmhachta agus bainistíochta géarchéime dá bhforáiltear in Airteagal 33 de Rialachán Bhaile Átha Cliath III[6]. Leanfaidh EASO leis an gCóras a fhorbairt i gcomhréir leis na sonraí arna mbailiú ag Eurostat agus Frontex, agus é mar aidhm aige léargas éifeachtach a thabhairt ar staid na himirce chun cabhrú le ceapadh beartas agus ullmhú freagairtí, faoi mar a mholtar sa Chlár Oibre Eorpach maidir leis an Imirce.

[6] Rialachán (AE) Uimh. 604/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 lena mbunaítear na critéir agus na sásraí lena gcinntear cé acu Ballstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna thaisceadh i gceann de na Ballstáit ag náisiúnach tríú tír nó ag duine gan stát (athmhúnlú), IO L 180, 29.06.2013, lch. 31.

In 2016, rinne EASO sonraí a bhailiú agus a anailísiú faoi tháscairí Chéim III de EPS. Baineadh dea-leibhéal comhlíonta amach ina leith sin. Tríd is tríd, ba ghairid a bhí na moilleanna ar sholáthar sonraí agus níor mhair siad níos mó ná trí lá. Ina ainneoin sin, tá deacrachtaí ann go fóill maidir le sonraí a chur isteach faoi tháscairí áirithe nua Chéim III (i.e. sonraí faoi rochtain ar an nós imeachta — áit a dtagann deacrachtaí chun cinn i gcás nach bhfuil aon chóras i bhfeidhm chun déanamh an iarratais a chlárú — agus sonraí faoi fhilleadh agus glacadh — áit a dtagann deacrachtaí chun cinn i gcás nach bhfuil na gníomhaíochtaí á mbainistiú go díreach ag na húdaráis tearmainn). Rinne an Grúpa um Sholáthar Staidrimh (GPS) plé ar an táscaire glactha a leasú ag an gcruinniú dá chuid i mí na Samhna 2016. Chuathas i mbun oibre le comhpháirtithe AE chun feabhas a chur ar cháilíocht agus iomláine an bhailithe sonraí faoi fhilleadh ar leibhéal an Aontais Eorpaigh. Pléadh cáilíocht na dtáscairí fillidh le linn an chruinnithe de chuid GPS freisin. Tabharfar faoi ghníomhaíochtaí chun athbhreithniú a dhéanamh ar shainmhínithe an dá tháscaire dá bharr sin.

Rinneadh faisnéis imirce a bhaineann le tearmann a bhailiú ó na príomhthíortha tionscnaimh agus idirthurais mar chuid de threoirchleachtadh a sheol conraitheoir sa chéad leath de 2016. Cuireadh 18 dTuarascáil Faisnéise Tíre ar fáil inar pléadh leis an Afganastáin, an Iaráic, an Libia, an Phacastáin, an tSiria agus an Tuirc. Tugadh aghaidh ar an gcáilíocht a bhí ag baint le táirgí inghnóthaithe áirithe trí sheicliosta de na foinsí faisnéise ar ghá dul ina muinín a thabhairt don chonraitheoir lena mbaineann.

Mar chuid de na sásraí bainistíochta géarchéime a bhí i bhfeidhm ar fud AE, d'ullmhaigh EASO tuarascálacha seachtainiúla inar tugadh forbhreathnú cothrom le dáta ar staid an tearmainn in AE+. Comhroinneadh na tuarascálacha sin le tíortha AE+ agus le lucht Freagartha Comhtháite Polaitiúla do Ghéarchéim sa Choimisiún chun cur leis na tuarascálacha ar Fheasacht agus Anailís Chomhtháite Staide. Leathnaíodh gníomhaíochtaí bailiú sonraí chun go n-áireofaí leo an forbhreathnú iomlán ar shaoránacht gach iarratasóra in aghaidh an Bhallstáit agus ar shaoránacht na n-iarratasóirí atá ag maíomh gur mionaoisigh gan tionlacan iad.

Mar chuid den obair chun feidhm luathrabhaidh agus ullmhachta EASO a fhorbairt, cuireadh gníomhaíochtaí taighde ar thosca brú agus tarraingthe do shreafaí difriúla tearmainn ar aghaidh le linn 2016. Rinneadh an tuarascáil deiridh ar athbhreithniú litríochta ar na tosca suntasacha brú agus tarraingthe atá taobh thiar d'imirce a bhaineann le tearmann a fhoilsiú i mBéarla sa ráithe dheiridh de 2016. Críochnaíodh an tuarascáil deiridh ar shuirbhé a rinneadh ar mhodheolaíochtaí don mheasúnú cainníochtúil ar imirce a bhaineann le tearmann. Foilseofar an tuarascáil in 2017. Cuireadh athbhreithniú ar shuirbhéanna ar imircigh a bhaineann

le tearmann agus staidéar ar a indéanta atá sé suirbhé EASO a dhéanamh ar tairiscint le linn na bliana. Dámhadh conradh ina leith sa ráithe dheiridh de 2016.

D'eagraigh EASO 2 imeacht sa réimse gníomhaíochta sin: tionóladh comhdháil ar Thaighde Imirce an 16 Bealtaine 2016 agus reáchtáladh ceardlann ar Mhórshonraí agus Luathrabhadh an 4 Nollaig 2016. Cuireadh Coiste Eolaíoch ar bun do chlár taighde EASO freisin, ar a bhfuil príomhshaineolaithe sa réimse.

### 4.2.3 An Tuarascáil Bhliantúil ar Staid an Tearmainn san Aontas Eorpach

| Príomhthorthaí EASO in 2016 |
| --- |
| Rannchuidigh 30 tír AE+ leis an Tuarascáil Bhliantúil |
| Ghlac an Bord Bainistíochta an tuarascáil agus seoladh ag ócáid phoiblí í |

Tugtar i dTuarascáil Bhliantúil EASO ar Staid an Tearmainn in AE forbhreathnú cuimsitheach ar staid an tearmainn in AE don lucht déanta beartas agus geallsealbhóirí ar leibhéal náisiúnta agus AE araon. Rannchuidigh 30 Ballstát AE+ leis an tuarascáil. Fuarthas ionchur ón gCoimisiún, Frontex, UNHCR agus an tsochaí shibhialta freisin. Ghlac an Bord Bainistíochta an tuarascáil i mí an Mheithimh 2016. Seoladh í go poiblí sa Bhruiséil an 8 Iúil 2016 le linn ócáid a sruthaíodh go beo i gcomhthráth le Cruinniú Bliantúil an Líonra Iriseoirí. Cuireadh an tuarascáil ar fáil ar shuíomh Gréasáin EASO agus dáileadh cóipeanna di ar gheallsealbhóirí ábhartha. Aistríodh na príomhfhionnachtana go 24 theanga AE+.

## 4.3 Tacaíocht bhuan

Is é an aidhm atá leis an tacaíocht bhuan a chuireann EASO ar fáil do na Ballstáit ná tacú le CEAS a chur chun feidhme agus feabhas a chur ar cháilíocht na bpróiseas agus na gcóras tearmainn. Tá sé mar aidhm léi cur chun feidhme comhsheasmhach CEAS a chur chun cinn laistigh de AE agus eolas coiteann agus scileanna coiteanna, eagrú coiteann agus nósanna imeachta coiteanna, faisnéis choiteann, acmhainní coiteanna agus dea-chleachtais choiteanna a chomhroinnt.

### 4.3.1 Oiliúint

| Príomhthorthaí EASO in 2016 |
| --- |
| Soláthraíodh 15 sheisiún oiliúna don oiliúnóir in EASO (Málta), agus 218 n-oiliúnóir páirteach iontu |
| Soláthraíodh 8 seisiún réigiúnacha oiliúna don oiliúnóir i 4 thír, agus 102 oiliúnóir páirteach iontu |
| Soláthraíodh 361 sheisiún náisiúnta oiliúna ar ardán ríomhfhoghlama EASO, agus oiliúint á cur ar 5,833 bhall foirne náisiúnta lena linn |
| Cuireadh 10 modúl aistrithe le hardán ríomhfhoghlama EASO |
| Ascnaíodh 45 chúrsa ar líne chuig an ardán nua ríomhfhoghlama |
| Reáchtáladh 10 gcúrsa oiliúna ionduchtúcháin do shaineolaithe a bhí imscartha chuig na teophointí sa Ghréig |
| Tugadh 1 mhodúl nua chun críche; tá 5 mhodúl nua á bhforbairt; agus críochnaíodh 2 cheann de nuashonruithe/uasghráduithe ar mhodúil agus tá 3 cinn eile fós ar siúl |
| Foilsíodh 1 lámhleabhar oiliúna agus tá ceann amháin eile á fhorbairt faoi láthair |
| Rinne comhpháirtí seachtrach 13 mhodúl i gcuraclam oiliúna EASO a chreidiúnú |
| Críochnaíodh 1 tuarascáil oiliúna bhliantúil do 2015 |

Agus oiliúint cháilíochtúil choiteann á cur ar fáil aige, tacaíonn EASO le tíortha AE+ forbairt a dhéanamh ar




**Samplaí de lámhleabhair Churaclaim Oiliúna EASO**

an eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí atá ag a bhfoireann atá freagrach as cúrsaí tearmainn. Cuidíonn oiliúint EASO le cur chun feidhme comhleanúnach CEAS trí thacú le leibhéal cáilíochta coiteann a bhunú ar fud AE. Leanann EASO cur chuige dhá rian ina leith sin: ar thaobh amháin, forbraíonn sé ábhar oiliúna cuí agus, ar an taobh eile, eagraíonn sé oiliúint atá bunaithe ar chóras oiliúna don oiliúnóir.


In 2016, sholáthair EASO seisiúin oiliúna don oiliúnóir sna modúil seo a leanas ina cheanncheathrú i Málta: “Teicnící Agallaimh”, “Eisiamh”, “Cuimsiú”, “CEAS”, “COI”, “Measúnú Fianaise”, “Glacadh”, “Rialachán Bhaile Átha Cliath III”, “Daoine Leochaileacha a Chur faoi Agallamh”, “Modúl do Bhainisteoirí”, oiliúint ar an ardán nua ríomhfhoghlama, “Inscne, Féiniúlacht Inscne agus Gnéaschlaonadh”, “An Treoir maidir le Nósanna Imeachta Tearmainn”, “Leanaí a Chur faoi Agallamh” agus “Cearta Bunúsacha agus Cosaint Idirnáisiúnta in AE”. Soláthraíodh seisiún oiliúna don oiliúnóir sa Ghréig mar bheart Tacaíochta Speisialta freisin.

Soláthraíodh 2 sheisiún réigiúnacha oiliúna don oiliúnóir i Vín (in áitreabh FRA) ar na modúil ar “Eisiamh” agus “Cuimsiú”; soláthraíodh 2 sheisiún i dTaillinn (ag áitreabh eu-LISA (an Ghníomhaireacht Eorpach um Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais mhórscála TF sa limistéar saoirse, slándála agus ceartais)) ar na modúil ar “Measúnú Fianaise” agus “Cuimsí”; reáchtáladh seisiún amháin i Montainéagró i ndáil leis an Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais mar chuid den mhodúl ar “Teicnící Agallaimh”; agus soláthraíodh trí sheisiún sa Ghearmáin maidir leis na modúil ar “Leanaí a Chur faoi Agallamh” agus “Daoine Leochaileacha a Chur faoi Agallamh”.

Ghlac níos mó ná 16 thír AE+ páirt i seisiúin náisiúnta oiliúna a riaradh trí ardán ríomhfhoghlama EASO. Díobh sin, ba as an nGearmáin (87 n-oiliúnaí), an Íslítír (81 oiliúnaí) agus an Fhionlainn (42 oiliúnaí) d’fhormhór na rannpháirtithe. Baineadh leas as 13 mhodúl. Díobh sin, ba iad “Cuimsiú” (2,556 rannpháirtí), “Teicnící Agallaimh” (1,324 rannpháirtí) agus “Measúnú Fianaise” (800 rannpháirtí) na modúil a raibh an t-éileamh ba mhó orthu.

Cuireadh ascnamh an réitigh nua ríomhfhoghlama agus na gcúrsaí reatha i gcrích le linn 2016. Cuireadh tús leis an tseiceáil cáilíochta ar an gcéad 15 chúrsa ascanta i mí Iúil. Cuireadh tús leis an tseiceáil cáilíochta ar an gcéad 40 cúrsa eile ina dhiaidh sin i mí na Samhna 2016. Cuireadh an chéad seisiún oiliúna d’oiliúnóirí náisiúnta ar an réiteach nua ar siúl in EASO i mí Dheireadh Fómhair. Tugadh an réiteach isteach le linn na seisiúin oiliúna d’oiliúnóirí sa ráithe dheiridh den bhliain. I mí Eanáir 2017, tosófar ar an réiteach nua ríomhfhoghlama a úsáid do na seisiúin oiliúna d’oiliúnóirí de chuid EASO agus do sheisiúin oiliúna náisiúnta na mBallstát.

**Fíor 1: Na seisiúin oiliúna don oiliúnóir agus na seisiúin náisiúnta oiliúna a reáchtáladh in 2016 agus an líon rannpháirtithe.**




(*Beidh sonraí faoi sheisiúin náisiúnta oiliúna ar fáil an 17.01.2017)

Gníomhaíocht leanúnach de chuid EASO is ea ábhar oiliúna a fhorbairt. Cuireann Grúpa Tagartha Oiliúna EASO agus Sainghrúpaí Inneachair ionchur ar fáil nuair a bhíonn treoracha agus lámhleabhair á ndréachtú, á n-athbhreithniú agus á dtabhairt chun críche.

Tugadh modúl ar "Modhanna Teagascacha" chun críche in 2016 agus soláthraíodh an chéad treoirsheisiún oiliúna ina leith sa dara ráithe den bhliain. Bhí 5 mhodúl eile fós á bhforbairt ag deireadh 2016:

- Tá athbhreithniú deiridh á dhéanamh ar an modúl "Tús Eolais ar Chosaint Idirnáisiúnta" agus táthar ag súil go dtabharfar chun críche é go luath in 2017;
- Tá an modúl AE ar "Cearta Bunúsacha agus Cosaint Idirnáisiúnta" chóir a bheith críochnaithe faoi láthair. Soláthraíodh an treoirsheisiún oiliúna don oiliúnóir sa mhodúl ag deireadh 2016 agus úsáidfear an t-aiseolas ina leith chun bonn eolais a chur faoin treoir agus faoin lámhleabhar d'oiliúnóirí a chríochnófar go luath in 2017;
- Tá na modúil "Gáinneáil ar Dhaoine" agus "Ardchuimsiú" á dtabhairt chun críche faoi láthair. Beartaítear go reáchtálfar treoirsheisiúin oiliúna do na modúil sin sa dara ráithe de 2017;
- Tá an modúl "Ateangaireacht i gcomhthéacs tearmainn" ag luathchéim dá fhorbairt faoi láthair. Bailíodh faisnéis don mhodúl agus sainaithníodh spriocghrúpaí, torthaí foghlama agus réamhstruchtúr dó. Forbrófar an modúl i ndlúthchomhar le UNHCR agus tá sé beartaithe go gcuirfear an chéad chruinniú de chuid na meithle ar siúl i mí an Mhárta 2017.

Tosaíodh ar na modúil "Measúnú Fianaise" agus "Rialachán Bhaile Átha Cliath III" a uasghrádú in 2015. Críochnaíodh an obair sin le linn na bliana agus eagraíodh na treoirsheisiúin oiliúna don oiliúnóir ina leith sa dara ráithe de 2016. Rinneadh athbhreithniú ar na modúil "Teicnící Agallaimh", "Daoine Leochaileacha a Chur faoi Agallamh" agus "Leanaí a Chur faoi Agallamh" le linn na bliana agus seoladh leagan uasghrádaithe de na trí mhodúl ina dhiaidh sin.

Ina theannta sin, foilsíodh an lámhleabhar ar "Inscne, Féiniúlacht Inscne agus Gnéaschlaonadh" agus cuireadh tús leis an lámhleabhar ar "Deireadh Cosanta" a fhorbairt.

Le linn 2016, reáchtáladh oiliúint ionduchtúcháin shaincheaptha den chéad uair riamh do shaineolaithe EASO a bhí imscartha chun tacú le nósanna imeachta teorann na Gréige a chur chun feidhme i gcomhthéacs an Ráitis ón Aontas Eorpach agus ón Tuirc. Soláthraíodh seisiúin oiliúna go tráthrialta agus reáchtáladh ceardlanna *ad hoc* chun cur leo, nuair ba ghá. Mhair na seisiúin 2 lá ar an meán agus cuireadh sraith ábhar oiliúna ar fáil do na saineolaithe lena linn. Eagraíodh 10 seisiún oiliúna ionduchtúcháin san iomlán idir mí Aibreáin agus mí na Nollag 2016. Eagrófar iad ar bhonn rialta as seo amach chun acmhainn agus fothú acmhainní a chothú le haghaidh ghníomhaíochtaí oibríochta EASO sna teophointí.

Le linn 2016, rinneadh dul chun cinn i dtreo deimhniú agus creidiúnú a bhaint amach le haghaidh Churaclam Oiliúna EASO. Tionóladh 2 chruinniú de chuid na Meithle um Dheimhniú agus Creidiúnú sa dara ráithe agus sa cheathrú ráithe den bhliain. Rinne saineolaí seachtrach athbhreithniú ar na torthaí foghlama do 15 mhodúl. Creidiúnaíodh 13 mhodúl freisin.

Mar chéad chéim den phróiseas um meastóireacht agus measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht ghníomhaíochtaí oiliúna EASO i dtíortha AE+, rinneadh meastóireacht ar na tairiscintí a cuireadh isteach le haghaidh an próiseas a stiúradh. Dámhadh conradh ina dhiaidh sin. Cuirfear an cruinniú tionscnaimh ina leith sin ar siúl i dtús 2017.

Tionóladh roinnt cruinnithe a bhaineann le hoiliúint le linn na bliana, ba iad sin:

- cruinniú bliantúil na n-oiliúnóirí i mí an Mhárta 2016. Úsáideadh na conclúidí ón gcruinniú sin chun athbhreithniú a dhéanamh ar na trí mhodúl agallaimh ("Teicnící Agallaimh", "Daoine Leochaileacha a Chur faoi Agallamh" agus "Leanaí a Chur faoi Agallamh");
- an cruinniú de chuid Phointí Teagmhála Náisiúnta Oiliúna EASO i mí na Bealtaine 2016. Úsáideadh an t-aschur ón gcruinniú sin chun tosú ar an modúl oiliúna d'ateangairí a fhorbairt sa dara seimeastar de 2016, chun Plean Oiliúna EASO 2016 a leasú, chun dul i muinín na dTéarmaí Tagartha do Churaclam Oiliúna EASO, agus chun glao ar ainmniú saineolaithe a sheoladh le haghaidh an modúl ar "Leanaí a Chur faoi Agallamh" a uasghrádú;
- an cruinniú de chuid an Ghrúpa Tagartha sa ráithe dheiridh de 2016. Úsáideadh an t-aschur ón gcruinniú sin chun coigeartú a dhéanamh ar an amlíne inar ghá don Ghrúpa tuairimí a chur in iúl faoi na treoracha do na modúil ar "Teicnící Agallaimh" agus "Daoine Leochaileacha a Chur faoi Agallamh" agus chun rannpháirtíocht na sochaí sibhialta in oiliúint EASO a mhéadú.

### 4.3.2 Próisis tearmainn

Le linn 2016, lean EASO le feabhas a chur ar na gníomhaíochtaí comhair phraiticiúil a thionscain sé faoi Phróiseas Maitrís Cháilíochta EASO, agus é mar aidhm aige caighdeáin choiteanna a bhaint amach laistigh de CEAS. Cuimsítear i bpróiseas Maitrís Cháilíochta EASO na príomhghnéithe de CEAS trí chleachtais agus beartais reatha na mBallstát a mhapáil agus ansin trí shraith táirgí insoláthartha idirghaolmhara a fhorbairt (cruinnithe agus tuarascálacha téamacha, liosta de thionscadail agus de thionscnaimh). Chomh maith leis sin, is féidir leas a bhaint as mapáil na gcleachtas agus na mbeartas

de chuid na mBallstát chun faisnéis a bhailiú ar aon dul leis an bhfaireachán ar chur chun feidhme CEAS.

Tá EASO tiomanta d'uirlisí praiticiúla a chur ar fáil chun cabhrú le hoifigigh na mBallstát CEAS a chur chun feidhme ar bhonn laethúil:

- Rinneadh uirlis phraiticiúil ar "Rochtain ar an Nós Imeachta Tearmainn" a thabhairt chun críche agus a fhoilsiú. Rinneadh an obair forbartha ar "Treoir agus Táscairí ar Choinníollacha Glactha" a chur i gcrích agus foilsíodh an doiciméad i mí na Samhna 2016. Tá an doiciméad deireanach sin á aistriú go 22 theanga AE.
- Foilsíodh treoir phraiticiúil ar "Eisiamh" i mí na Samhna 2016 agus tá sí le foilsiú.
- Foilsíodh leaganacha teanga breise de threoir phraiticiúil EASO ar "Measúnú fianaise" agus cuireadh uirlis EASO le haghaidh Daoine a bhfuil Riachtanais Speisialta acu a Shainaithint ar fáil.

Bailíodh aiseolas ar úsáid uirlisí praiticiúla EASO le linn chruinniú bliantúil an Líonra um Próisis Tearmainn. Próiseálfar an fhaisnéis tuilleadh. Is iad na réamhchonclúidí, áfach, go bhfuiltear ag úsáid na n-uirlisí ag leibhéil dhifriúla. Ina measc sin, tá na huirlisí á n-úsáid go díreach ag a spriocghrúpa agus chun bonn eolais a chur faoi uirlisí náisiúnta a fhorbairt nó a athbhreithniú.

Chomh maith leis sin, comhroinneann EASO uirlisí praiticiúla agus tionscadail phraiticiúla lena dtacaítear le cáilíocht na bpróiseas um chinntí tearmainn sna Ballstáit agus le cáilíocht gnéithe eile de CEAS. Cuireadh tuarascáil Maitrís Cháilíochta ar fáil don Líonra Glactha agus don Líonra um Próisis Tearmainn. Cuireadh mapáil na n-uirlisí agus na dtionscadal um bainistíocht cáilíochta i gcrích roimh an gcruinniú Bainistíocht Cáilíochta a bhí ar siúl i mí na Samhna 2016. Déantar tionscadail agus tionscnaimh cháilíochta agus acmhainní ábhartha a chur le chéile agus a chur ar fáil don Líonra um Próisis Tearmainn.

Cuireadh cruinniú bliantúil an Líonra um Próisis Tearmainn ar siúl i mí na Samhna 2016. Tugadh deis le linn an chruinnithe machnamh a dhéanamh ar fhorbairtí in 2016 agus pleanáil le haghaidh 2017 a phlé, lenar áiríodh machnamh a dhéanamh ar raon feidhme an chleachtaidh mheastóireachta a bhí beartaithe do 2017 agus ar an gcur chuige a ghlacfaí ina leith. Sainaithníodh ábhair le haghaidh fhorbairt na n-uirlisí praiticiúla agus na dtuarascálacha téamacha do 2017 agus comhaontaíodh an cur chuige a ghlacfaí le haghaidh gníomhaíochtaí in 2017.

I gcomhthráth le ceardlann COI ar an tSiria, eagraíodh ceardlann i mí Feabhra 2016 inar pléadh cásanna féideartha eisiaimh ón tSiria. Leis an gceardlann sin, bhíothas in ann sineirgí a chothú idir saineolaithe beartais agus saineolaithe COI chun próifílí coiteanna, dúshláin choiteanna agus cineálacha coiteanna cur chuige a phlé i dtaca le cásanna féideartha eisiaimh ón tSiria. Tá an t-aschur ón gcruinniú á úsáid le haghaidh uirlis scagtha eisiaimh a fhorbairt i dtaca le cásanna ón tSiria. D'fhéadfaí an uirlis sin a úsáid sa nós imeachta athlonnaithe agus sa "Treoir Phraiticiúil ar Eisiamh".

Ba é an cruinniú Maitrís Cháilíochta ar Choinníollacha Glactha a eagraíodh i mí an Mhárta 2016 an cruinniú seolta le haghaidh Líonra EASO um Údaráis Ghlactha. Leis an gcruinniú, cuireadh ar chumas na nÚdarás Glactha na téarmaí tagartha a phlé agus teacht ar chomhaontú faoi chuspóirí agus módúlachtaí an Líonra. Bainfear úsáid as torthaí an chruinnithe le haghaidh na Tuarascála Maitrís Cháilíochta ar Choinníollacha Glactha agus le haghaidh "Treoir agus Táscairí maidir le Coinníollacha Glactha" a fhorbairt.

### 4.3.3 Faisnéis faoin tír thionscnaimh

| **Príomhthorthaí EASO in 2016** |
|---|
| **Táirgeadh 13 thuarascáil nua COI** |
| **Forbraíodh 2 Uirlis Fíoraithe Tionscnaimh (OVT)** |
| **10 líonra tíre ag a bhfuil 225 bhall san iomlán** |
| **Tairseach athchóirithe COI a bhfuil 9,732 dhoiciméad nasctha aici, a bhfuil 5 bhunachar sonraí ceangailte léi, a bhfuil 9,378 n-úsáideoir aici agus ar íoslódáladh 6,713 dhoiciméad uaithi** |
| **Cuireadh 6 chruinniú agus chomhdháil ar siúl inar pléadh an tSiria, an Iaráic, an Eiritré, an Afraic Thiar, Ciorrú Baill Ghiniúna Ban agus Uirlisí Taighde ar Líne agus ar ghlac 169 nduine san iomlán páirt iontu** |
| **Bunaíodh an Líonra Treorach Tíre** |

Tá obair EASO i réimse na Faisnéise faoin Tír Thionscnaimh (COI) dírithe ar chóras cuimsitheach COI a fhorbairt do AE chun caighdeáin COI a ardú agus a chomhchuibhiú i gcomhpháirt le tíortha AE+ agus le geallsealbhóirí tábhachtacha eile.

In 2016, tháirg EASO 3 thuarascáil nua COI ar an Afganastáin, tuarascáil amháin ar an Eiritré, an tSomáil, an Phacastáin agus an Tuirc faoi seach, agus sé thuarascáil ar na tíortha seo sna Balcáin Thiar: an Albáin, an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, Poblacht Iar-Iúgslavach na Macadóine, an Chosaiv, Montainéagró agus an tSeirbia. Ina theannta sin, seoladh 2 shuirbhé ar an Afganastáin agus ar an tSomáil. Fuarthas aiseolas dearfach ó ghrúpaí úsáideoirí difriúla, lenar áiríodh Sainlíonraí COI, Líonra Straitéiseach COI, cásoibrithe agus comhaltaí de Chúirteanna agus de Bhinsí.

De bhreis ar thuarascálacha rialta COI, tugadh tacaíocht COI do shaineolaithe EASO sna teophointí sa Ghréig maidir leis an nós imeachta inghlacthachta.

Agus leas á bhaint as Cur Chuige na Líonraí COI atá i bhfeidhm aige, agus ag gníomhú dó i gcomhar le saineolaithe de chuid na mBallstát, rinne EASO faisnéis

ábhartha faoin tír thionscnaimh a thiomsú agus a phróiseáil. Is é an toradh atá ar an obair sin go bhfuil punanna ann anois atá miondealaithe de réir raon leathan topaicí atá ábhartha d'fhíorú tionscnaimh. Seoladh na huirlisí fíoraithe tionscnaimh ar an tSiria agus ar an Eiritré i mí na Bealtaine agus i mí Lúnasa 2016 faoi seach. Ní dháiltear uirlisí fíoraithe tionscnaimh ach ar thaighdeoirí COI agus ar an lucht déanta cinntí tearmainn.

Bunaíodh an sainlíonra comhair phraiticiúil de chuid EASO ar thíortha tionscnaimh sonracha don Afraic Thiar i mí na Samhna 2016. Is é an deichiú sainlíonra dá leithéid. Is iad seo líon na mball agus na mball ionaid de na líonraí tíre: an tSiria - 34, an tSomáil - 21, an Phacastáin - 21, an Iaráic - 29, an Iaráin - 13, an Rúis - 20, an Afganastáin - 24, an Eiritré - 23, an Úcráin - 21, agus an Afraic Thiar - 19. Seoladh suirbhé ar chur chuige na líonraí agus rinneadh anailís ar an aiseolas a fuarthas ó StratNet agus ó líonraí tíre. Tríd is tríd, bhí an t-aiseolas a fuarthas an-dearfach, go háirithe maidir leis an mbreisluach a sholáthraíonn na líonraí ó thaobh malartú faisnéise agus giniúint eolais de. Ós rud é go bhfuil an leibhéal gníomhaíochta i roinnt líonraí sách íseal, tá sé beartaithe ag EASO iniúchadh a dhéanamh ar na líonraí sin atá ina dtosaíocht don Ghníomhaireacht a athghníomhachtú.

D'eagraigh EASO 2 chruinniú de chuid Líonra Straitéiseach COI i mí Aibreáin agus i mí Dheireadh Fómhair 2016. Bonn eolais faoi fhorbairt phlean oibre EASO um fhaisnéis faoin tír thionscnaimh is ea an t-ionchur straitéiseach a thugann na baill den líonra sin. Cuireann na baill acmhainní daonna ar fáil chun tacú le EASO cuspóirí COI a bhaint amach.

Eagraíodh 6 chruinniú comhair phraiticiúil inar pléadh ábhair shonracha agus tíortha tionscnaimh sonracha, ba iad sin: ceardlann ar an tSiria agus Eisiamh, seimineár ar Líonra na hIaráice, seimineár ar an Eiritré, cruinniú ar COI agus ciorrú baill ghiniúna ban, agus cruinniú le haghaidh Líonra na hAfraice Thiar a sheoladh. Eagraíodh comhdháil COI maidir le taighde ar líne in 2016. Ghlac 52 dhuine páirt inti. Tá sé beartaithe an toradh a úsáid chun an treoir phraiticiúil ó EASO dar teideal "Uirlisí agus leideanna le haghaidh taighde ar líne ar fhaisnéis faoin tír thionscnaimh" a nuashonrú. Faigheann na cruinnithe comhair phraiticiúil sin tacaíocht ó shaineolaithe seachtracha a n-iarrtar orthu a gcuid eolais agus saineolais a chomhroinnt.

Moladh sna Conclúidí ón gComhairle a glacadh an 21 Aibreán 2016 maidir le Cleachtais Chinnteoireachta Tearmainn go gcruthófaí líonra sinsearach beartais mar aon le treoirthionscadal maidir le cóineasú lena ndíreofaí ar an Afganastáin. Mar fhreagairt do na Conclúidí sin, bunaíodh Líonra Treorach Tíre na hAfganastáine i mí an Mheithimh 2016. Tháinig an Líonra le chéile an dara huair i mí Mheán Fómhair. Chun na cruinnithe sin a chomhlánú, cuireadh cruinnithe de chuid fhoireann dréachtaithe na Nótaí Treorach Tíre don Afganastáin ar siúl i mí Mheán Fómhair, i mí Dheireadh Fómhair agus i mí na Nollag.

Seoladh tairseach athchóirithe ar líne um fhaisnéis faoin tír thionscnaimh sa bhliain, ar tairseach í lena gcuirtear rochtain ar fáil don phobal ar fhaisnéis faoin tír thionscnaimh in AE ó bhunachair shonraí cheangailte náisiúnta um fhaisnéis faoin tír thionscnaimh. Tugadh leathanaigh chruinnithe EASO isteach agus baineadh úsáid astu le haghaidh cruinnithe ar fhaisnéis faoin tír thionscnaimh. Seolfar leathanaigh thíre i leaganacha eile sa todhchaí. Cuireadh cruinniú de chuid líonra Riarthóirí na dTairseacha Náisiúnta COI ar siúl i mí an Mhárta 2016.

Fuarthas 8 gceist faoi COI in 2016. Tugadh freagra ar gach ceann díobh. De bhreis ar na ceisteanna rialta, seoladh mearchóras ceisteanna ar COI sa Tuirc le haghaidh shaineolaithe EASO sna teophointí sa Ghréig. Bhain sé leis an Ráiteas ón Aontas Eorpach agus ón Tuirc. Seoladh 4 cheist sa chóras sealadach ceisteanna sin.

Tosaíodh obair ullmhúcháin tosaigh ar thionscadal MedCOI (Faisnéis Mhíochaine faoin Tír Thionscnaimh) a aistriú chuig EASO. Cuireadh staidéar indéantachta i



**Tuarascálacha faoin Tír Thionscnaimh i dteangacha éagsúla**

láthair i mí Eanáir 2016. Rinneadh plé ina dhiaidh sin ar roghanna soláthair le haghaidh an aistrithe. Tá tús á chur ag EASO le plean aistrithe a fhorbairt.

### 4.3.4 Comhar le comhaltaí na gcúirteanna agus na mbinsí

| Príomhthorthaí EASO in 2016 |
|---|
| **Cuireadh 2 uirlis forbartha gairmiúla ar fáil agus tionscnaíodh 2 cheann eile** |
| **Cuireadh 5 imeacht forbartha gairmiúla ar siúl, agus 81 duine san iomlán páirteach iontu** |
| **1 chomhdháil le breithiúna Gréagacha, agus 120 duine páirteach inti** |
| **1 chruinniú le Comhlachtaí Náisiúnta Oiliúna Breithiúnaí, agus 17 nduine páirteach ann** |

I gcaitheamh 2016, lean EASO ar aghaidh lena chomhar le cúirteanna agus le binsí i dtíortha AE+, agus é mar chuspóir ginearálta aige cabhrú le cur chun feidhme comhleanúnach CEAS agus comhar praiticiúil a chur chun cinn i measc thíortha AE+ ar chúrsaí tearmainn. Tugadh faoi ghníomhaíochtaí comhair phraiticiúil EASO i gcomhréir leis an gcreat bunaithe, agus meas iomlán á thabhairt ar neamhspleáchas na gcúirteanna agus na mbinsí.

Áiríodh na nithe seo leis na huirlisí forbartha gairmiúla a cuireadh ar fáil:

- "Eisiamh: Airteagal 12 agus Airteagal 17 den Treoir maidir le Cáilíochtaí (2011/95/AE) — Anailís Bhreithiúnach": tá an uirlis sin dírithe ar chúirteanna agus ar bhinsí a dhéileálann le cásanna cosanta idirnáisiúnta agus é mar aidhm aici méadú a dhéanamh ar an tuiscint atá ann ar shaincheisteanna cosanta a bhaineann leis na forais eisiamh atá ar fáil sa Treoir agus an dóigh a ndéileáiltear leis na saincheisteanna sin a threorú;
- "Tús Eolais ar CEAS — Anailís Bhreithiúnach": tá an uirlis sin dírithe ar chúirteanna agus ar bhinsí a dhéileálann le cásanna cosanta idirnáisiúnta agus é mar aidhm aici méadú a dhéanamh ar an tuiscint ar choincheapa agus saincheisteanna bunúsacha atá ar fáil in CEAS agus atá ábhartha dá léiriú agus an dóigh a ndéileáiltear leis na coincheapa agus na saincheisteanna sin a threorú.

Áiríodh na nithe seo leis na huirlisí gairmiúla eile a tionscnaíodh:

- "Deireadh a Chur le Cosaint Idirnáisiúnta — Anailís Bhreithiúnach" agus "Deireadh a Chur le Cosaint Idirnáisiúnta — Nóta Treorach ó Oiliúnóir Breithiúnach": tá an dá uirlis sin le tabhairt chun críche tar éis dul i ndáil chomhairle le Líonra na gComhaltaí Cúirte agus Binse agus tá siad le cur i gcrích go luath in 2017;
- "Cáiliú do Chosaint Idirnáisiúnta — Anailís Bhreithiúnach" agus "Cáiliú do Chosaint Idirnáisiúnta — Nóta Treorach ó Oiliúnóir Breithiúnach": cuireadh i gcrích iad sin agus tá siad le foilsiú;
- "Measúnú Fianaise agus Creidiúnachta — Anailís Bhreithiúnach": rinneadh an ceathrú dréacht a chur i gcrích agus a sheoladh le haghaidh comhairliúcháin; tá sé le cur i gcrích i mí Feabhra 2017;
- "Rochtain ar nósanna imeachta agus *Non-refoulement* — Anailís Bhreithiúnach": is réamhdhréacht é sin agus tá sé le cur i gcrích i mí Dheireadh Fómhair 2017;
- "Eisiamh: Airteagail 12 agus 17 den Treoir maidir le Cáilíochtaí (2011/95/AE) — Nóta Treorach ó Oiliúnóir Breithiúnach";
- "Tús Eolais ar CEAS — Nóta Treorach ó Oiliúnóir Breithiúnach".

Le linn 2016, d'eagraigh EASO 5 chúrsa forbartha gairmiúla, ba iad sin:

- Ceardlann a cuireadh ar siúl i mí an Mhárta 2016 d'Oiliúnóirí Breithiúnacha maidir leis an Anailís Bhreithiúnach ar Airteagal 15(c) a chur chun feidhme. Dúradh gur méadaíodh leis an gcruinniú ar ról gairmiúil na rannpháirtithe mar oiliúnóirí breithiúnacha agus ar an eolas is féidir a úsáid chun a gcuid dualgas a fheidhmiú agus oiliúint a chur ar chomhghleacaithe ina mBallstát féin;
- Cuairt staidéir do chomhaltaí de na breithiúna ón mBulgáir a cuireadh ar siúl i mí Aibreáin 2016, ar lena linn a bhí na rannpháirtithe in ann léargas a ghnóthú ar na nósanna imeachta a cuireadh chun feidhme i mBallstát eile. Bhí siad ábalta go háirithe tairbhe a bhaint as malartú le piaraí agus cur lena dtaithí féin ar chásbhainistíocht, breithiúnacht agus bainistíocht éisteachtaí;
- Ceardlann ar COI do bhreithiúna Gearmánacha a cuireadh ar siúl i mí na Bealtaine 2016 agus inar díríodh ar fhaisnéis a chur ar fáil faoi fhoinse na faisnéise faoin tír thionscnaimh a mbainfidís leas aisti ina n-obair laethúil. Ghlac na rannpháirtithe páirt ghníomhach i dtaighde a dhéanamh ar fhaisnéis faoin tír thionscnaimh agus i meastóireacht a dhéanamh ar fhoinsí na faisnéise sin. Eagraíodh i mBéarla í chun cur arís eile leis na foinsí a d'fhéadfaí a rochtain;
- Treoircheardlann d'Oiliúnóirí Breithiúnacha a cuireadh ar siúl i mí na Bealtaine 2016 maidir le cur chun feidhme a dhéanamh ar an Anailís Bhreithiúnach ar Eisiamh. Dúradh gur cuireadh sa cheardlann anailís chórasach uileghabhálach ar fáil ar gach airteagal agus coinníoll lena mbaineann agus ar an dlí-eolaíocht ábhartha. Cuireadh cásanna teoiriciúla i láthair sna cás-staidéir agus bhí deis ag na rannpháirtithe a dtuairimí dlíthiúla agus a dtaithí bhreithiúnacha a mhalartú;
- Ceardlann a cuireadh ar siúl i mí Iúil 2016 do bhreithiúna Cipireacha, áit ar pléadh saincheisteanna

praiticiúla a bhaineann le cur chun feidhme na reachtaíochta ábhartha de chuid AE. Rinneadh soláthar sa cheardlann do chur i bhfeidhm éifeachtach na reachtaíochta atá á scrúdú ag an gCúirt riaracháin;

- Ceardlann a cuireadh ar siúl i mí Dheireadh Fómhair 2016 maidir le Tús Eolais ar CEAS. Fuair an cheardlann an mheastóireacht ab airde ab fhéidir.

Tar éis iarraidh a fháil ó chomhaltaí boird de Chumann na mBreithiúna Riaracháin Gréagacha, eagraíodh comhdháil i mí Dheireadh Fómhair 2016 do bhreithiúna riaracháin Gréagacha. D'fhreastail 120 duine uirthi. Ba é an aidhm a bhí léi go mbeadh sí ina cleachtadh fothú acmhainní do bhreithiúna Gréagacha agus go léireodh sí go soiléir go bhfuil EASO in ann tacaíocht a thabhairt don gheallsealbhóir sin i gcomhthéacs foriomlán an bhrú ar chóras tearmainn na Gréige agus go bhfuil sé toilteanach déanamh amhlaidh. Cuireadh ar áireamh i gclár oibre na comhdhála roinnt óráidí agus láithreoireachtaí le meithleacha beaga ar phléadh cásanna agus modheolaíochtaí lena linn.

Cuireadh cruinniú na gComhlachtaí Náisiúnta Oiliúna Breithiúnaí ar siúl i mí Dheireadh Fómhair 2016. Ba é aidhm an chruinnithe tuiscint níos fearr a ghnóthú ar na Comhlachtaí Náisiúnta Oiliúna Breithiúnaí sna Ballstáit agus plé a dhéanamh ar riachtanais agus ar chomhar féideartha sa todhchaí. Tugadh deis le linn an chruinnithe faisnéis a chur ar fáil faoi ghníomhaíochtaí EASO. Bhí aidhmeanna eile leis, mar atá: ardán idirphlé a chur ar fáil do na Comhlachtaí Náisiúnta Oiliúna Breithiúnaí a oibríonn i réimse an dlí tearmainn sna Ballstáit agus gníomhú mar fhóram le haghaidh plé a dhéanamh ar chomhar féideartha sa todhchaí idir EASO agus na Comhlachtaí Náisiúnta Oiliúna Breithiúnaí.

### 4.3.5 Gníomhaíochtaí EASO ar ghrúpaí leochaileacha

| Príomhthorthaí EASO in 2016 |
|---|
| **Foilsíodh uirlis comhair phraiticiúil amháin, forbraíodh ceann amháin agus tá ceann amháin eile fós á fhorbairt** |
| **An 3ú comhdháil bhliantúil de chuid EASO ar gháinneáil ar dhaoine** |
| **An 4ú comhdháil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí EASO um leanaí** |
| **3 chruinniú meithle ar thopaicí a bhaineann le grúpaí leochaileacha** |

Lean EASO le tacaíocht a chur ar fáil agus le comhar praiticiúil a fhorbairt i measc thíortha AE+ agus saineolaithe ábhartha eile ar shaincheisteanna a bhaineann le hiarratasóirí leochaileacha.

Foilsíodh uirlis comhair phraiticiúil ar an "Treoir Phraiticiúil ar Rianú Teaghlaigh" in 2016. Forbraíodh uirlis eile, mar a bhí "An Measúnú ar Leasanna maidir le hAthlonnú", agus tá nuashonrú á dhéanamh fós ar an uirlis ar "Leasanna an Linbh agus Measúnú Aoise".

Cuireadh an tríú Comhdháil Bhliantúil de chuid EASO ar gháinneáil ar dhaoine agus cosaint idirnáisiúnta ar siúl i mí an Mheithimh 2016. Tháinig na rannpháirtithe le chéile chun plé a dhéanamh ar shainaithint agus cosaint íospartaigh na gáinneála sa ghéarchéim imirce reatha.



**Ceardlanna le linn an Ceathrú Comhdháil Bhliantúil ar ghníomhaíochtaí EASO um leanaí, an 5-6 Nollaig 2016**

Cuireadh an ceathrú Comhdháil Bhliantúil ar ghníomhaíochtaí EASO um leanaí ar siúl i mí na Nollag 2016. Ba é téama na comhdhála ná cás na leanaí i gcomhthéacs an mhórphlódaithe isteach reatha.

Eagraíodh cruinnithe meithle ar thopaicí a bhaineann le grúpaí leochaileacha. Cuireadh an cruinniú inar pléadh "Measúnú aoise: modhanna nua agus cineálacha nua cur chuige" ar siúl i mí Mheán Fómhair 2016. Phléigh an mheitheal na modhanna difriúla measúnaithe aoise, lena n-áirítear measúnú sóisialta, a chuirfear ar áireamh sa leagan nuashonraithe d'fhoilseachán EASO ar Mheasúnú Aoise. Cuireadh an dara cruinniú ar siúl i mí Mheán Fómhair freisin. Bhain an cruinniú sin le cur chun feidhme leasanna an linbh sa phróiseas measúnaithe aoise. Phléigh an mheitheal na príomhchosaintí agus na príomhthosca atá taobh thiar de leasanna an linbh a chinntiú i nósanna imeachta um measúnú aoise. Bhain an tríú cruinniú le "Sainaithint agus ráthaíochtaí speisialta nós imeachta do dhaoine a ndearnadh céasadh agus cineálacha tromchúiseacha eile foréigin shíceolaíoch, fhisicigh nó ghnéasaigh orthu". Cuireadh ar siúl é i mí Dheireadh Fómhair 2016 agus bhí sé ina fhóram ina raibh na Ballstáit in ann smaointe agus dea-chleachtais a chomhroinnt maidir le ráthaíochtaí speisialta nós imeachta.

Ghlac EASO páirt i gcruinnithe na bPointí Teagmhála Ceartais agus Gnóthaí Baile (CGB) ar gháinneáil ar dhaoine a bhí ar siúl i mí an Mhárta, i mí an Mheithimh, i mí Mheán Fómhair agus i mí na Samhna. Ba é Oifig Chomhordaitheoir Frithgháinneála AE a reáchtáil na cruinnithe.

### 4.3.6 Líonra Bhaile Átha Cliath

Tá freagracht ar Bhallstáit AE as córas Bhaile Átha Cliath a chur i bhfeidhm agus go háirithe as acmhainní leordhóthanacha a leithdháileadh chun an líon aistrithe faoi chóras Bhaile Átha Cliath a mhéadú agus moilleanna atá bainteach leis na haistrithe a laghdú. Chomh maith leis sin, ní mór do na Ballstáit cur i bhfeidhm seasmhach a dhéanamh ar na clásail dlí a bhaineann le hathaontú teaghlaigh agus úsáid níos leithne agus níos rialta a bhaint as na clásail lánroghnacha lena gceadaítear do na Ballstáit a chinneadh iarratas ar thearmann a scrúdú, agus an brú ar na Ballstáit ag a bhfuil teorainneacha seachtracha á mhaolú dá bharr.

Chun tacú leis na Ballstáit córas Bhaile Átha Cliath a chur i bhfeidhm go hiomlán, bunaíodh Líonra EASO um Aonaid Bhaile Átha Cliath ar aon dul leis an gClár Oibre Eorpach maidir leis an Imirce. Tá 30 tír AE+ páirteach sa líonra. Bhunaigh gach ceann de na tíortha sin Pointe Teagmhála Náisiúnta do Chóras Bhaile Átha Cliath.

Ag cruinniú seolta an Ghrúpa Stiúrtha a cuireadh ar siúl i mí Feabhra 2016, glacadh téarmaí tagartha an Líonra mar aon le teimpléad le haghaidh nuashonrú tréimhsiúil na dtéarmaí tagartha sin. In 2016, eisíodh 4 nuashonrú thréimhsiúla inar cuimsíodh sonraí staitistiúla agus faisnéis chainníochtúil a bhí bunaithe ar ionchur a fuair na baill den Líonra agus an Coimisiún Eorpach.

Eagraíodh an dara cruinniú de chuid an Ghrúpa Stiúrtha i mí na Samhna 2016. Le linn an chruinnithe sin, comhaontaíodh réimsí oibre agus tosaíochtaí don bhliain 2017. Áireofar leo sin cruinniú amháin de chuid an Ghrúpa Stiúrtha agus cruinniú téamach ar DubliNet[7] a eagrú agus uirlis nó treoir a fhorbairt. Malartaíodh dea-chleachtais ar ábhair a bhaineann le Córas Bhaile Átha Cliath le linn na gcruinnithe.

Rinneadh ardán ar líne um Chóras Bhaile Átha Cliath a bhfuil fáil ag an Líonra air a sheoladh i mí na Samhna 2016. Ghlac 25 Ballstát páirt ann. Rinneadh 32 dhoiciméad san iomlán a uaslódáil agus a mhalartú tríd an ardán.

### 4.3.7 Glacadh

Tá tuilleadh forbartha á dhéanamh ag EASO ar an acmhainn inmheánach atá aige tacú le tíortha AE+ maidir le gníomhaíochtaí arb é is aidhm dóibh coinníollacha glactha leordhóthanacha a chur chun cinn.

I mí an Mhárta 2016, bunaíodh Líonra EASO um Údaráis Ghlactha ar aon dul leis an gClár Oibre Eorpach maidir leis an Imirce. Seoladh an Líonra le linn Chruinniú Mhaitrís Cháilíochta EASO ar Choinníollacha Glactha. Glacadh téarmaí tagartha an Líonra nua sa dara ráithe de 2016.

Eagraíodh cruinniú do Phointí Teagmhála Náisiúnta Glactha i mí Dheireadh Fómhair 2016. Bainfear úsáid as an bplé a rinneadh sa chruinniú chun plean oibre Líonra EASO um Údaráis Ghlactha don tréimhse 2017-2018 a dhearadh. Ina theannta sin, cuirfear an plé a rinneadh le linn ceardlann ar phleanáil theagmhasach san áireamh nuair a bheifear ag forbairt treoir ar phleanáil theagmhasach in 2017.

Cuireadh ceardlann ar siúl sa Bhruiséil i mí na Samhna 2016 ar "Ról na n-údarás glactha sa trasdul ó ghlacadh go himeascadh" a eagraíodh i gcomhar le hArdán Eorpach na nGníomhaireachtaí um Ghlacadh (EPRA). Cuirfear faisnéis a bailíodh ag an gceardlann san áireamh i dtuarascáil lena léireofar na beartais, na cleachtais agus na dúshláin atá i bhfeidhm i dtaca leis an trasdul ó ghlacadh go himeascadh i dtíortha AE+. Anuas air sin, bainfear leas as an taithí a gnóthaíodh sa chruinniú chun an ról a ghlacfaidh EASO sa todhchaí i réimse an imeasctha a shainiú.

Tugadh Meabhrán Tuisceana idir EASO agus EPRA chun críche i mí Dheireadh Fómhair 2016. Sainítear i dTreochlár Gníomhaíochtaí a ghabhann leis tréimhse trasdula 2 bhliain ar lena linn a dhéanfar gníomhaíochtaí a chur chun feidhme i gcomhpháirt. De réir an Mheabhráin Tuisceana, déanfaidh EASO agus EPRA meastóireacht i gcomhar le chéile ag deireadh 2017 chun an dul chun cinn a rinneadh sa tréimhse trasdula a mheas. Táthar ag súil leis go n-aistreofar an fhreagracht as na gníomhaíochtaí go léir ó EPRA chuig Líonra Glactha EASO faoi dheireadh 2018.

### 4.3.8 Filleadh agus imeascadh

Tá EASO ag forbairt agus ag cothú an naisc idir an nós imeachta tearmainn agus glactha agus na nósanna imeachta a leantar tar éis an cinneadh a dhéanamh ar iarratas ar thearmann, i.e. filleadh nó imeascadh.

Cuid dhílis de bheartais tearmainn agus imirce atá ag feidhmiú go maith is ea filleadh agus imeascadh. Má thugtar bearta den sórt sin isteach níos luaithe sa phróiseas tearmainn agus glactha, beifear in ann cur lena éifeachtaí a bheidh siad.

In 2016, d'fhreastail EASO ar 8 gcruinniú de chuid na gcomhlachtaí seo: Grúpa Saineolaithe Ghréasán Imirce na hEorpa um Fhilleadh (EMN REG), Frontex, an Líonra Eorpach don Ionstraim Ath-lánpháirtithe (ERIN) agus an Comhthionscnamh Tacaíochta.

Tá EASO ag tabhairt faoi obair leanúnach leis an Ard-Stiúrthóireacht um Imirce agus Gnóthaí Baile, EMN REG, Frontex agus Eurostat. Is é aidhm na hoibre sin cáilíocht agus iomláine na sonraí faoi fhilleadh a chomhchuibhiú agus a fheabhsú ar leibhéal AE.

[7] Is ríomhlíonra sábháilte cainéal tarchuir é seo idir na húdaráis náisiúnta a dhéileálann le hiarratais ar thearmann.

### 4.3.9 Uirlisí eile le haghaidh tacaíocht bhuan — liosta EASO de na teangacha a bhfuil fáil orthu

Tacaíonn EASO le tíortha aonair AE+ rochtain réidh a fháil ar na teangacha ar fad a bhfuil fáil orthu i dtíortha eile AE+ tríd an liosta de na teangacha a bhfuil fáil orthu.

Rinneadh cothabháil agus faireachán in 2016 ar an liosta de na teangacha a bhfuil fáil orthu. Fuarthas 4 iarraidh shonracha ón tSlóvaic agus ón mBulgáir a bhain le Rúindis, Mongóilis, Tamailis agus Siolóinis. Freastalaíodh ar gach ceann de na hiarrataí sin.

Ina theannta sin, thug baill foirne EASO cuairt staidéir ar an Ísiltír i dtaca le gníomhaíochtaí a bhaineann leis an liosta de na teangacha a bhfuil fáil orthu.

### 4.3.10 Tacaíocht tríú tír

| Príomhthorthaí EASO in 2016 |
|---|
| **Na Balcáin Thiar agus an Tuirc:**<br>**Cuireadh 3 ghníomhaíocht réigiúnacha chun feidhme faoi Chlár Réigiúnach na hIonstraime um Chúnamh Réamhaontachais (IPA)**<br>**Cuireadh 2 ghníomhaíocht náisiúnta chun feidhme sa tSeirbia agus i bPoblacht Iar-Iúgslavach na Macadóine faoi Chlár Réigiúnach na hIonstraime um Chúnamh Réamhaontachais (IPA)**<br>**Cuireadh 7 ngníomhaíocht fothú acmhainní de chuid na Gné Seachtraí i gcrích** |
| **An Ionstraim Eorpach um Chomharsanacht agus um Chomhpháirtíocht:**<br>**Cuireadh 3 ghníomhaíocht chun feidhme**<br>**Sainaithníodh 3 ghníomhaíocht agus tá obair leantach le déanamh orthu in 2017** |
| **An Líonra Gné Seachtraí:**<br>**Eagraíodh 3 cinn de chruinnithe agus de cheardlanna** |

Tacaíonn EASO le gné sheachtrach CEAS i gcomhaontú leis an gCoimisiún Eorpach, ag gníomhú dó faoi chuimsiú bheartas AE um chaidreamh seachtrach agus ar aon dul le Straitéis Gníomhaíochta Seachtraí EASO[8].

Le linn 2016, chuir EASO tacaíocht ar fáil do réigiún na mBalcán Thiar agus don Tuirc faoi chuimsiú Chlár IPA II: Tacaíocht réigiúnach do bhainistíocht imirce atá íogair ó thaobh cosanta de sna Balcáin Thiar agus sa Tuirc (Clár Réigiúnach IPA). Cuireadh cruinniú tionscnaimh ar siúl i mBéalgrád ón 9 go dtí an 10 Márta 2016. Síníodh Comhaontú Comhair idir Frontex agus EASO an 5 Lúnasa 2016. Ina theannta sin, tugadh cuairteanna allamuigh ar gach tír sna Balcáin Thiar sa tréimhse idir mí Aibreáin agus mí Iúil 2016 chun ullmhú do chur chun feidhme Chlár Réigiúnach IPA. Beidh an Clár ar siúl ar feadh tréimhse trí bliana ó 2016 go dtí 2018. Cuireadh trí ghníomhaíocht réigiúnacha chun feidhme agus cuireadh tús le 2 ghníomhaíocht náisiúnta chun tacú le Poblacht Iar-Iúgslavach na Macadóine agus leis an tSeirbia. Comhlánaíodh na gníomhaíochtaí sin leis na mórghníomhaíochtaí Gné Seachtraí a ndéantar cur síos orthu thíos.

Áiríodh na nithe seo leis na gníomhaíochtaí arbh é an aidhm a bhí leo cur le fothú acmhainní sna Balcáin Thiar:

- Seimineár COI sa tSeirbia i gcomhar leis an Tionscadal Nasctha ar threoraigh Gníomhaireacht Imirce na Sualainne é sa tSeirbia;
- Rannpháirtíocht na mBalcán Thiar in 2 sheisiún oiliúna faoi Churaclam Oiliúna EASO i Málta;
- Rannpháirtíocht na mBalcán Thiar in oiliúint réigiúnach i modúil EASO ar "Cuimsiú" agus "Eisiamh" a cuireadh ar fáil i Vín i mí na Bealtaine agus i mí an Mheithimh 2016;
- Measúnú tionchair ar an dlí tearmainn a rinneadh sa tSeirbia;
- Measúnú riachtanas ar an Rannóg Tearmainn d'Aireacht Gnóthaí Baile Phoblacht Iar-Iúgslavach na Macadóine;
- Rannpháirtíocht bhreithiúna na mBalcán Thiar i gcomhdháil na Craoibhe Eorpaí de Chumann Idirnáisiúnta na mBreithiúna Dlí Dídeanaithe in Osló i mí na Bealtaine 2016;

Mar obair leantach ar an gcruinniú ar Bhealach Imirce na mBalcán Thiar agus ar ráiteas na gceannairí an 25 Deireadh Fómhair 2015 maidir le sreafaí dídeanaithe, tá EASO ag glacadh páirt sa líonra um Bealach na mBalcán Thiar agus ghlac sé páirt i bhfíschomhdhálacha rialta ina leith sin.

Chomh maith leis sin, tá EASO i mbun plé leis an Ard-Stiúrthóireacht um Imirce agus Gnóthaí Baile agus leis an Ard-Stiúrthóireacht um Beartas Comharsanachta agus Caibidlíocht maidir le cur chun feidhme a dhéanamh ar thionscadal faoi chuimsiú na gClár um Fhorbairt agus Chosaint Réigiúnach — an Afraic Thuaidh (RDPP NA), lena n-áirítear rannpháirtíocht níos leithne a bheith ag EASO sa réigiún sin. Tá EASO ina chomhalta de Choiste Stiúrtha RDPP NA agus d'fhreastail sé ar chruinniú an Choiste in 2016.

Tháinig tionscadal na hIonstraime Eorpaí um Chomharsanacht agus um Chomhpháirtíocht (ENPI) lenar tacaíodh le húdaráis náisiúnta sa Túinéis, i Maracó agus san Iordáin chun deiridh an 30 Meitheamh 2016. Chríochnaigh tréimhse dúnta an tionscadail an 30 Lúnasa. San iomlán, úsáideadh 93 % de mhéid an deontais. In 2017, cuirfear chun feidhme na gníomhaíochtaí a shainaithnítear a bheith ina ngníomhaíochtaí leantacha

[8] https://easo.europa.eu/wp-content/uploads/EASO-External-Action-Strategy.pdf

ar thionscadal ENPI. Déanfar amhlaidh tar éis teacht ar chomhaontú leis na húdaráis náisiúnta ábhartha agus bunaithe ar an gcumas a bheidh ag EASO freagairt d'iarrataí na dtíortha. D'fhéadfadh go n-áireofaí na nithe seo le gníomhaíochtaí fothú acmhainní: seimineár do bhreithiúna riaracháin sa Túinéis, seimineár don Iordáin maidir le glacadh (lena n-áirítear gnéithe d'imeascadh sa mhargadh saothair náisiúnta) agus oiliúint in CEAS i Maracó.

Mar obair leantach ar phlean gníomhaíochta comhpháirteach Chruinniú Mullaigh Vaileite a glacadh i mí na Samhna 2015, déanann EASO gníomhaíochtaí gné seachtraí, lena n-áirítear oiliúint agus fothú acmhainní, a chur chun feidhme le tríú tíortha comharsanacha spriocdhírithe arna sainaithint ar aon dul leis an gCur Chuige Domhanda maidir le hImirce agus Soghluaisteacht agus i gcomhaontú leis an gCoimisiún Eorpach. Sa chomhthéacs sin agus faoi chuimsiú thionscadal ENPI, chuir EASO oiliúint réigiúnach in CEAS ar fáil sa Túinéis in 2016. Ghlac daoine ón Liobáin agus ón Éigipt agus daoine ó thíortha comhpháirtíochta ENPI páirt inti freisin. Ag teacht sna sála ar phlean gníomhaíochta comhpháirteach Chruinniú Mullaigh Vaileite, chuir Toscaireachtaí AE i dtrí tíortha in iúl gur spéis leo dul i mbun comhair le EASO.

I dtaca leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún i mí an Mheithimh 2016 maidir le Creat Comhpháirtíochta nua a bhunú le Tríú Tíortha faoin gClár Oibre Eorpach maidir leis an Imirce, iarradh ar EASO tuilleadh tacaíochta a thabhairt don chur chuige a ghlacann AE faoi "Chomhshocruithe", mar a thugtar orthu, le tríú tíortha tábhachtacha. Chuaigh EASO i ndáil chomhairle leis an gCoimisiún chun na gníomhaíochtaí a d'fhorbrófaí a shainiú.

D'eagraigh EASO 3 cheardlann comhair phraiticiúil le Líonra Gné Seachtraí thíortha AE+ chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí gné seachtraí EASO maidir le tacaíocht tríú tír. Cuireadh an chéad chruinniú bliantúil de chuid an Líonra Gné Seachtraí ar siúl i mí na Bealtaine 2016. Cuireadh 2 cheardlann ar Scileanna Oibríochta Gné Seachtraí ar siúl i mí na Bealtaine agus i mí na Nollag 2016.

### 4.3.11 Athshocrú

| Príomhthorthaí EASO in 2016 |
|---|
| **Forbraíodh tacar amháin de dhréachtnósanna imeachta caighdeánacha oibríochta le haghaidh Scéim Dheonach Ligin Isteach Dhaonnúil leis an Tuirc** |
| **Cuireadh gníomhaíocht tacaíochta amháin chun feidhme** |
| **Eisíodh 8 dtuarascáil anailíseacha** |

Comhlíonann EASO ról comhordaithe maidir le malartú faisnéise agus bearta eile ar athshocrú arna ndéanamh ag tíortha AE+ i gcomhar le UNHCR agus IOM.

In 2016, cuireadh de chúram ar EASO páirt a ghlacadh in obair fhoireann athshocraithe AE in Ankara chun athshocrú ón Tuirc a éascú. Bhunaigh seirbhísí an Choimisiúin an fhoireann tar éis an Ráitis ón Aontas Eorpach agus ón Tuirc. Ar an gcéad dul síos, ba é rannpháirtíocht a fhoirne a bhí i gceist le rannpháirtíocht EASO. D'earcaigh sé saineolaí ina dhiaidh sin le haghaidh na gníomhaíochta sin go sonrach d'fhonn tacaíocht níos buaine a thabhairt d'fhoireann athshocraithe AE in Ankara.

Rinne EASO gníomhaíochtaí rialta bailiú sonraí faoi athshocrú a bhunú agus a fhorbairt. Eisíodh 8 dtuarascáil anailíseacha ó mhí an Mhárta 2016 i leith a bhí bunaithe ar an mbailiú míosúil sonraí faoi athshocrú[9]. Comhroinneadh na tuarascálacha sin le tíortha AE+, leis an gCoimisiún agus le UNHCR. Ó mhí Mheán Fómhair i leith, d'athbhreithnigh EASO a ghníomhaíochtaí bailiú sonraí faoi athshocrú le go n-áireofaí leo creat nua athshocraithe agus miondealú sásra 1:1.

Ghlac EASO páirt i gcruinnithe comhair phraiticiúil faoi athshocrú le linn 2016. Ghlac EASO páirt i ngrúpa mheitheal na gComhairliúchán Trípháirteach Bliantúil ar Athshocrú (ATCR) i mí Feabhra. Chomh maith leis sin, d'fhreastail sé ar chruinniú ginearálta ATCR a bhí ar siúl i mí an Mheithimh. D'eagraigh an tSualainn cruinniú tionscnaimh de thionscadal EU-FRANK ar athshocrú i mí Dheireadh Fómhair. Ghlac baill foirne EASO páirt ar an bpainéal. I mí na Nollag, d'fhreastail EASO ar an gcruinniú ar an bPríomhghrúpa Siriach.

In 2016, chuir EASO gníomhaíocht tacaíochta chun feidhme i gcomhar leis an mBulgáir faoi chuimsiú Phlean Tacaíochta Speisialta EASO. Ghlac an Bhulgáir páirt i gcruinniú mheitheal ATCR agus i gcuairt staidéir ar an Ísiltír. Déanfar breithniú in 2017 ar thuilleadh tacaíochta a thabhairt don Bhulgáir i réimse an athshocraithe.

## 4.4 Gníomhaíochtaí cothrománacha EASO

### 4.4.1 Líonra comhair EASO

| Príomhthorthaí EASO in 2016 |
|---|
| **Fuarthas 17 gceist faoi EASO agus eisíodh 16 thuarascáil** |
| **Reáchtáladh 2 chruinniú de chuid an Choiste Teagmhála** |
| **Rinneadh 2 tháirge ag a bhfuil raon feidhme cothrománach a fhorbairt nó a nuashonrú** |

9 Tugtar sa chéad tuarascáil anailíseach sonraí ó mhí Eanáir agus ó mhí Feabhra 2016.

Tá córas ceisteanna i bhfeidhm ag EASO chun freagra a thabhairt ar cheisteanna a bhaineann le beartais agus cleachtais le haghaidh chur chun feidhme CEAS. Fiche lá oibre ón t-am a bhfuarthas na ceisteanna an meán-ama a tógadh chun ceisteanna a phróiseáil in 2016. Bhí idir 8 bhfreagraí agus 23 fhreagraí i gceist leis an ráta freagartha ó na Ballstáit. Bhí an líon sin ag brath ar ábhar na ceiste.

Eagraítear cruinnithe de chuid an Choiste Teagmhála i gcomhpháirt leis an gCoimisiún. Ba i ndiaidh a chéile a eagraíodh cruinniú amháin den sórt sin maidir le Córas Bhaile Átha Cliath agus cruinniú Ghrúpa Stiúrtha Líonra Bhaile Átha Cliath de chuid EASO (mar a phléitear i rannán 4.3.6). Chomh maith leis sin, ghlac EASO páirt i gcruinniú speisialta de chuid an Choiste Teagmhála ar leanaí a bhí eagraithe ag an Ard-Stiúrthóireacht um Imirce agus Gnóthaí Baile sa chéad ráithe de 2016.

Chuaigh EASO i mbun comhair lena gheallsealbhóirí chun táirgí ag a bhfuil raon feidhme cothrománach a fhorbairt. Forbraíodh scórchárta Líonra CGB faoi chathaoirleacht FRA agus tar éis ionchur a fháil ó gach ceann de ghníomhaireachtaí CGB, lenar áiríodh EASO. Tugtar forbhreathnú ann ar réimsí comhair dhéthaobhaigh agus comhair iltaobhaigh idir na gníomhaireachtaí sin. Táirge eile a forbraíodh is ea na huirlisí praiticiúla le haghaidh Rochtain ar an nós imeachta tearmainn. Chruthaigh saineolaithe ó na Ballstáit an táirge sin le cabhair ó EASO agus Frontex agus i ndlúthchomhar le FRA agus UNHCR.

## 4.4.2 Cumarsáid agus caidreamh le geallsealbhóirí

| Príomhthorthaí EASO in 2016 |
|---|
| **Seoladh suíomh Gréasáin nua EASO — méadaíodh an líon cuairteoirí go 638,094 chuairteoir** |
| **Méadú 352 % ar leantóirí ar Twitter — 188 bpostáil** |
| **Méadú 142 % ar leantóirí ar leathanach EASO ar Facebook — 204 phostáil** |
| **3,727 leantóir ar leathanach EASO maidir le hathlonnú ar Facebook — 5 phostáil** |

| Príomhthorthaí EASO in 2016 |
|---|
| **10 n-eagrán de nuachtlitir EASO** |
| **Eisíodh 32 phreaseisiúint** |
| **Rinneadh breis agus 300 agallamh leis na meáin** |
| **Fuarthas 1200 iarraidh ar fhaisnéis agus tugadh freagraí orthu** |
| **42 fhoilseachán ó EASO** |

Déanann EASO ról, luachanna, gníomhaíochtaí agus obair na Gníomhaireachta a chur in iúl agus a chur chun cinn ar aon dul le straitéis cumarsáide EASO. Dírítear ar an gcúram atá ar an nGníomhaireacht an comhar praiticiúil i measc thíortha AE+ a éascú, a chomhordú agus a neartú i dtaca leis an iliomad gnéithe den tearmann.

Lean EASO ar aghaidh i rith 2016 ag cothú an chaidrimh lena gheallsealbhóirí. Rinne sé amhlaidh go príomha i gcruinnithe inar éascaíodh idirphlé, ar lena linn a thug sé faisnéis faoi ghníomhaíochtaí EASO agus a fuair sé aiseolas.

Cuireadh cruinnithe le UNHCR ar siúl gach dhá sheachtain ar an láthair. Cuireadh cruinnithe eile ar siúl ar bhonn rialta i gCeanncheathrú EASO i Málta freisin. D'éirigh leis na cruinnithe sin ó thaobh an comhar reatha a phlé agus réimsí nua comhair a leathnú de. Athbhreithníodh pointí gníomhaíochta comhaontaithe. Chomh maith leis sin, rinneadh na chéad bhearta eile a phlé agus a achoimriú sa Chomhairliúchán Lucht Bainistíochta. Síníodh comhaontú comhair le UNHCR do Thionscadal Thionscnamh Cáilíochta na gCóras Tearmainn in Oirthear na hEorpa agus i gCugas Theas (QIEE). Is tionscadal dhá bhliain é atá á chistiú ag AE agus atá á chur chun feidhme ag UNHCR. Dírítear ann ar fheabhas a chur ar nósanna imeachta tearmainn agus ar chosaint dídeanaithe san Airméin, san Asarbaiseáin, sa Bhealarúis, sa tSeoirsia, sa Mholdóiv agus san Úcráin. Chomh maith leis sin, chomhaontaigh EASO go n-aistreofaí gníomhaíochtaí faireacháin UNHCR ar na meáin shóisialta chuig EASO.

Ghlac EASO páirt sna 4 chruinniú de chuid Líonra Ghníomhaireachtaí CGB. Ó thaobh mhórleibhéal AE de, ghlac EASO páirt i gcruinnithe Líonra Ghníomhaireachtaí



Lá Faisnéise sa Laitvia

AE agus i bhFóram Ghníomhaireachtaí AE i bParlaimint na hEorpa. Ba é an toradh a bhí ar theagmhálacha le gníomhaireachtaí eile AE, agus le gníomhaireachtaí CGB go háirithe, gur forbraíodh dea-chaidreamh oibre, comhar níos dlúithe agus sineirgí níos fearr idir na gníomhaireachtaí. Baineadh leas astu freisin le haghaidh faisnéis agus dea-chleachtais a mhalartú agus le haghaidh réimsí comhair sa todhchaí a shainaithint.

Ghlac EASO páirt i gcruinnithe le pobail taidhleoireachta AE. Reáchtáladh roinnt cruinnithe déthaobhacha agus seisiúin faisnéise lóin, lenar áiríodh cruinnithe déthaobhacha agus seisiúin faisnéise le hionadaithe do na tíortha seo: Poblacht na Seice, an Ghearmáin, an Spáinn, an Pholainn agus an Ísiltír. Reáchtáladh seisiúin faisnéise lóin le hAmbasadóirí agus le Buanionadaithe na mBallstát freisin.

Sheol EASO a shuíomh Gréasáin nua an 19 Bealtaine 2016. Tugtar gnéithe ar an suíomh lena bhfeabhsaítear a úsáid, amhail eochracha aicearra agus balla beo. Tá cuma níos tarraingtí air freisin. De bharr chur chun cinn an tsuímh Ghréasáin nua sna meáin shóisialta agus i bhfoilseacháin EASO, tá méadú de 50 % tagtha ar líon na gcuairteoirí chuig an suíomh. Chomh maith leis sin, taifeadadh méadú suntasach ar infheictheacht EASO sna meáin shóisialta, lena n-áirítear Twitter agus Facebook.

Chun trédhearcacht a mhéadú, chinn Bord Bainistíochta EASO i mí Mheán Fómhair 2016 go bhfoilseofaí an fhaisnéis seo a leanas ar shuíomh Gréasáin EASO: ainm Chomhaltaí agus Ionadaithe an Bhoird, a nDearbhuithe Leasa agus doiciméad beartais EASO maidir le coinbhleachtaí leasa a chosc agus a bhainistiú. Gné nua den suíomh Gréasáin is ea clárlann doiciméad atá leabaithe i suíomh Gréasáin EASO. Tá an chlárlann doiciméad á triail faoi láthair agus tá sí á nuashonrú ar an gcóras bainistíochta inneachair trí dhoiciméid agus meitichlibeanna a chur léi. Táthar ag súil leis go seolfar an chlárlann i dtús 2017. Idir an dá linn, uaslódáladh breis agus 40 alt roghnaithe ar shuíomh gréasáin EASO.

Mhéadaigh EASO a infheictheacht agus a phróifíl phoiblí trí pháirt a ghlacadh i laethanta oscailte agus laethanta faisnéise sa Choimisiún agus sna Ballstáit. Reáchtáil EASO taispeántas grianghraf i bParlaimint na hEorpa freisin. Cuireadh lá faisnéise ar siúl an 20 Meitheamh 2016 chun an chéad chúig bliana atá EASO i mbun oibre mar Ghníomhaireacht Aontais Eorpaigh a cheiliúradh. Bhí an ócáid ina deis straitéiseach chun gníomhaíochtaí EASO faoi chlár athlonnaithe AE a chur chun cinn. Cuireadh ábhar a bhaineann le hobair EASO agus le hathlonnú ar fáil do na Ballstáit. Dá réir sin, d'eagraigh 22 Bhallstát a ndeasca faisnéise féin ar an lá faisnéise agus thug baill foirne EASO láithreoireachtaí ar ábhair ghaolmhara.

Le linn 2016, ba ar athlonnú a díríodh i ngníomhaíochtaí cumarsáide EASO. Táirgeadh pacáiste cumarsáide athlonnaithe agus sraith uirlisí faisnéise. Áiríodh na nithe seo leis na huirlisí sin: bileog faisnéise ginearálta i 17 dteanga, idir theangacha AE agus theangacha nach teangacha AE iad; bileoga faisnéise faoi athlonnú a bhí oiriúnaithe don Iodáil agus don Ghréig agus a foilsíodh in Iodáilis, i nGréigis, i mBéarla agus i 4 theanga eile nach teangacha AE iad; póstaeir i mBéarla agus i dteangacha eile nach teangacha AE iad; marsantacht athlonnaithe do na teophointí; trí fhíseán inar taispeánadh dea-scéalta athlonnaithe; agus aip do ghléasanna soghluaiste. Ina theannta sin, tháirg EASO na nithe seo: leathanach Gréasáin tiomnaithe ar athlonnú atá ar fáil in Araibis (24 % de chuairteanna); nasc ar roghchlár leathanaigh Ghréasáin chuig léarscáil idirghníomhach ar athlonnú chun an comóradh bliana a cheiliúradh (1,650 cuairt ar an dáta seolta); agus leathanach maidir le hathlonnú ar Facebook (3,621 chliceáil ar "is maith liom"). I mí an Mheithimh agus i mí Iúil 2016, ghlac EASO páirt san fheachtas réamhchlárúcháin le UNHCR sa Ghréig agus tháirg sé sraith uirlisí faisnéise le haghaidh na hócáide.

Tháinig méadú suntasach ar láithreacht EASO sna meáin le linn 2016 mar thoradh ar ardphróifíl na Gníomhaireachta sna teophointí. D'eagraigh EASO cruinniú faisnéise sa Bhruiséil an 8 Iúil 2016 d'iriseoirí atá ag obair i réimse an tearmainn. D'fhreastail 19 n-iriseoir chláraithe agus 92 rannpháirtí aonair ar an gcruinniú. Cuireadh cruinniú eile faisnéise agus líonraithe ar siúl d'iolraitheoirí cumarsáide EASO. D'fhreastail fiche rannpháirtí air agus tá an t-aschur á úsáid chun feabhas a chur ar tháirgí cumarsáide.

### 4.4.3 An Fóram Comhchomhairleach

| Príomhthorthaí EASO in 2016 |
|---|
| **Reáchtáladh 4 chomhairliúchán leis na heagraíochtaí sochaí sibhialta cláraithe go léir maidir le doiciméid EASO — fuarthas 30 aighneacht** |
| **Tugadh freagra ar 25 cheist ó eagraíochtaí sochaí sibhialta** |
| **Ghlac 201 duine páirt sa 6ú cruinniú iomlánach de chuid an Fhóraim Chomhchomhairligh san Aithin** |
| **Ghlac 43 dhuine páirt in 2 chruinniú théamacha sa tSicil maidir le hathlonnú/teophointí** |
| **Ghlac 59 nduine páirt i gcruinniú téamach i Liospóin maidir le hathlonnú/teophointí** |

Bunaíodh an Fóram Comhchomhairleach faoi Airteagal 51 de Rialachán EASO mar shásra le haghaidh faisnéis a mhalartú agus eolas a chomhthiomsú le heagraíochtaí ábhartha sochaí sibhialta agus le comhlachtaí inniúla ábhartha a oibríonn i réimse an bheartais tearmainn. Lean EASO ar aghaidh ag glacadh páirt in idirphlé dhá bhealach le heagraíochtaí ábhartha sochaí sibhialta chun saineolas agus eispéiris a chomhroinnt, chun dul i ndáil chomhairle maidir le doiciméid ábhartha EASO agus chun sineirgí a fheabhsú trí ghníomhaíochtaí comhordaithe leis an tsochaí shibhialta.

In 2016, neartaigh EASO an caidreamh atá aige leis an tsochaí shibhialta agus mhéadaigh an líon ball den Fhóram Comhchomhairleach go 88 n-eagraíocht. Cuireadh an séú cruinniú iomlánach bliantúil de chuid an Fhóraim ar siúl san Aithin an 28 agus an 29 Samhain 2016. D'fhreastail rannpháirtithe ó 35 thír, idir thíortha AE+ agus thíortha nach tíortha AE iad, ar an gcruinniú agus chuir siad in iúl go raibh siad iontach sásta leis.

Díríodh sa chruinniú bliantúil ar na forbairtí ba shuntasaí a chuaigh i bhfeidhm ar an tearmann Eorpach in 2016, lenar áiríodh bunú an chláir athlonnaithe Eorpaigh, cur chuige na dteophointí agus na tograí reachtacha éagsúla a bhí á bplé. Bhí próiseas lán-rannpháirteach ar áireamh sa chruinniú, áit ar díríodh an plé ar thrí réimse théamacha, mar a bhí: "Athlonnú agus cur chuige na dteophointí a dhíphacáil", "Faisnéis, anailís agus cumarsáid laistigh de chomhthéacs ilfhónach", agus "Aghaidh a thabhairt ar na riachtanais atá ag grúpaí leochaileacha i gcomhthéacs an mhórphlódaithe isteach — sainaithint, tarchur, glacadh agus imeascadh". Tá tuarascáil ar na himeachtaí agus na gníomhartha a dhéanfar á hullmhú faoi láthair.

De bhreis ar chruinniú iomlánach an Fhóraim Chomhchomhairligh, eagraíodh cruinnithe téamacha sa tSicil, an Iodáil, i mí an Mhárta 2016 agus i Liospóin, an Phortaingéil, i mí Mheán Fómhair 2016. Pléadh athlonnú agus teophointí le linn na gcruinnithe sin. D'fháiltigh na rannpháirtithe roimh eagrú na gcruinnithe sin agus chuir siad in iúl go raibh siad iontach sásta leo.

Chuaigh EASO i ndáil chomhairle le heagraíochtaí sochaí sibhialta maidir le réimsí éagsúla dá chuid oibre agus chinntigh sé go raibh páirt acu iontu. Trí cheithre chomhairliúchán oscailte a sheoladh, d'fháiltigh EASO roimh thuairimí ón tsochaí shibhialta faoi na doiciméid seo: dréacht-Chlár Oibre 2017, Tuarascáil Bhliantúil ar staid an tearmainn san Aontas 2015, Treoir ar Ghlacadh, agus an Anailís Bhreithiúnach ar Cháiliú do Chosaint Idirnáisiúnta. Fuarthas 30 aighneacht san iomlán.

Eagraíodh seisiúin spriocdhírithe chomhairliúcháin, sainchruinnithe agus ceardlanna comhair phraiticiúil le heagraíochtaí sochaí sibhialta. Áiríodh leo sin:

- Freastal rialta i measc eagraíochtaí sochaí sibhialta ar chruinnithe téamacha EASO (e.g. COI, gáinneáil ar dhaoine);
- Rannpháirtíocht 8 mball den Fhóram Comhchomhairleach i gComhdháil EASO um Thaighde AE agus Domhanda ar Imirce a bhaineann le Tearmann;
- Físchomhdháil amháin ar an bpróiseas meaitseála le hArdán Eagraíochtaí Neamhrialtasacha na hEorpa um Thearmann agus Imirce (EPAM);
- Rannpháirtíocht 11 ionadaí ón tsochaí shibhialta i gceardlann EASO ar mhórshonraí agus luathrabhadh faoin imirce a cuireadh ar siúl sa Bhruiséil i mí na Nollag 2016;
- Rannpháirtíocht 10 ionadaithe ón tSochaí Shibhialta i gComhdháil COI ar Thaighde ar Líne a cuireadh ar siúl i Málta i mí na Samhna 2016;
- Trí shainchruinniú spriocdhírithe i ndiaidh a chéile leis an tsochaí shibhialta inar pléadh cáilíocht agus oiliúint (cruinniú grúpa tagartha), an ghné sheachtrach agus COI. Cuireadh na cruinnithe ar siúl san Aithin an 2 Samhain 2016.

Choinnigh EASO idirphlé ar bun le heagraíochtaí sochaí sibhialta trí fhaisnéis ábhartha a chur ar fáil mar fhreagra ar cheisteanna. Tugadh freagra ar thart ar 25 cheist in 2016.




Grafaic faisnéise ón bhFóram Comhchomhairleach

Chuir EASO le gníomhaíochtaí Fhóram Comhchomhairleach Ghníomhaireachtaí eile CGB trí pháirt a ghlacadh i dtrí chruinniú de chuid Fhóram Comhchomhairleach Frontex agus i bhFóram amháin um Chearta Bunúsacha de chuid FRA. Chomh maith leis sin, chuir sé ionchur ar fáil go rialta i ndoiciméid a ullmhaíodh mar chuid den phróiseas comhairliúcháin.

Ghlac EASO páirt i líonraí sochaí sibhialta i réimse an tearmainn ar leibhéal AE agus ar leibhéal náisiúnta araon, agus é ag sainaithint forbairtí a bhí ábhartha d'obair EASO agus ag rannchuidiú leo nuair ba chuí. D'fhreastail EASO ar 2 chruinniú de chuid eagraíochtaí sochaí sibhialta Iodálacha ar eagraigh an Coimisiún iad. Rinne sé rannchuidiú trí eolas a chur ar fáil do thionscadal dar teideal "Rannpháirtíocht agus acmhainn na n-eagraíochtaí neamhrialtasacha a neartú maidir le forbairtí um theophointí AE". Chomh maith leis sin, d'fhreastail EASO ar *Terre D'Asile colloque* sa Fhrainc, ar Fhóram Liospóin ar eagraigh Comhairle na hEorpa é, ar Chruinniú Mullaigh Vision Europe agus ar sheimineár na Meán Sochaí Sibhialta ar an imirce.

# Iarscríbhinní

## A.I. Struchtúr eagrúcháin EASO

Mar gheall ar an líon suntasach cúraimí breise a cuireadh ar an nGníomhaireacht go luath in 2016, bhí deacrachtaí acmhainne freagartha ag EASO, go háirithe le linn oibríochtaí allamuigh i mBallstáit túslíne. Mar thoradh air sin, méadaíodh acmhainní na Gníomhaireachta arís agus arís eile ó thaobh leithreasuithe airgid agus baill foirne de.

Chun na hacmhainní sin a ghlacadh isteach agus a bhainistiú go héifeachtach, bhí sé riachtanach an struchtúr inmheánach eagrúcháin a chuíchóiriú, agus na cúraimí breise nua arna sannadh faoin Reachtaíocht bheartaithe á gcur san áireamh. An 12 Bealtaine 2016, ghlac an Bord Bainistíochta struchtúr eagrúcháin nua na Gníomhaireachta, mar a mhol an Stiúrthóir Feidhmiúcháin.


Agus na freagrachtaí a leagtar síos in Airteagal 31 de Rialachán EASO a chomhlíonadh aige, faigheann an Stiúrthóir Feidhmiúcháin tacaíocht ón Oifig Tacaíochta Feidhmiúcháin, ó na hOifigigh Idirchaidrimh le hInstitiúidí AE agus le Frontex agus ón Aonad Cumarsáide agus Geallsealbhóirí.

Cuireann an Roinn um Thacaíocht Tearmainn le cur chun feidhme CEAS trí thacaíocht a chur ar fáil. Is é aidhm na tacaíochta sin feabhas a chur ar acmhainn thíortha AE+ chun CEAS a chur chun feidhme trí oiliúint choiteann a chur ar fáil, tabhairt faoi chomhar praiticiúil comhordaithe agus forbairt agus faireachán a dhéanamh ar chaighdeáin agus treoir oibríochta.

Déanann an Roinn Oibríochtaí forbairt agus cur chun feidhme ar chur chuige cuimsitheach le haghaidh ghníomhaíochtaí EASO i réimse na n-oibríochtaí. Lena linn sin, déanann sí faisnéis faoin staid agus faoin tír thionscnaimh, pleanáil oibríochta agus tacaíocht oibríochta laistigh agus lasmuigh de AE a thabhairt le chéile faoi chreat comhordaithe amháin. Bainfear leas as prótacail agus uirlisí oibríochta agus as sásra um fhaireachán agus meastóireacht leanúnach chun na torthaí is fearr is féidir a bhaint amach sna hoibríochtaí.

Cuireann an Roinn Riaracháin córais agus seirbhísí tacaíochta ar fáil do na príomhréimsí oibre.

**Fíor A.1: Cairt eagrúcháin EASO**



# A.II. Buiséad EASO in 2016

### Tábla A.1: Feidhmiú buiséid na leithreasuithe ceangaltais de réir foinse ciste

| Leithreasuithe gealltanais | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Teideal buiséid** | **Foinse Ciste** | **Buiséadaithe (€)** | **Curtha chun feidhme (€)** | **Cóimheas (%)** |
| Teideal 1 — Caiteachas foirne | C1 | 8,647,858.00 | 8,615,142.99 | 99.62 |
| | C5 | 481.02 | 481.02 | 100.00 |
| | C8 | 188,312.52 | 121,722.59 | 64.64 |
| | R0 | 280,000.00 | 63,779.06 | 22.78 |
| Teideal Iomlán 1 | | 9,116,651.54 | 8,801,125.66 | 96.54 |
| Teideal 2 — Caiteachas bonneagair agus oibriúcháin | C1 | 5,689,080.94 | 5,594,489.17 | 98.34 |
| | C2 | 425,000.00 | 220,142.68 | 51.80 |
| | C5 | 30,196.45 | 30,196.45 | 100.00 |
| | C8 | 1,076,583.31 | 1,005,853.59 | 93.43 |
| | R0 | 309,761.47 | 108,630.11 | 35.07 |
| Teideal Iomlán 2 | | 7,530,622.17 | 6,959,312.00 | 92.41 |
| Teideal 3 — Caiteachas oibríochta | C1 | 27,419,978.28 | 27,184,481.70 | 99.14 |
| | C4 | 2,820.00 | - | - |
| | C8 | 3,765,185.20 | 3,602,358.58 | 95.68 |
| | R0 | 2,933,866.12 | 1,924,923.92 | 65.61 |
| Teideal Iomlán 3 | | 34,121,849.60 | 32,711,764.20 | 95.87 |
| Teideal 4 — Tionscadail sheachtracha eile | C1 | 1,682.78 | 1,682.78 | 100.00 |
| | R0 | 20,744,493.62 | 9,196,178.64 | 44.33 |
| Teideal Iomlán 4 | | 20,746,176.40 | 9,197,861.42 | 44.34 |
| **Iomlán na leithreasuithe ceangaltais** | | **71,515,299.71** | **57,670,063.28** | **80.64** |

## Tábla A.2: Feidhmiú buiséid na leithreasuithe íocaíochta de réir foinse ciste

| Leithreasaí íocaíochta | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Teideal buiséid** | **Foinse Ciste** | **Buiséadaithe (€)** | **Úsáidte (€)** | **Cóimheas (%)** |
| Teideal 1 — Caiteachas foirne | C1 | 8,647,858.00 | 8,177,934.59 | 94.57 |
| | C5 | 481.02 | 481.02 | 100.00 |
| | C8 | 188,312.52 | 121,722.59 | 64.64 |
| | R0 | 280,000.00 | 63,779.06 | 22.78 |
| Teideal Iomlán 1 | | 9,116,651.54 | 8,363,917.26 | 91.74 |
| Teideal 2 — Caiteachas bonneagair agus oibriúcháin | C1 | 5,689,080.94 | 3,139,865.22 | 55.19 |
| | C2 | 425,000.00 | 220,142.68 | 51.80 |
| | C5 | 30,196.45 | - | - |
| | C8 | 1,076,583.31 | 1,005,853.59 | 93.43 |
| | R0 | 309,761.47 | 67,491.26 | 21.79 |
| Teideal Iomlán 2 | | 7,530,622.17 | 4,433,352.75 | 58.87 |
| Teideal 3 — Caiteachas oibríochta | C1 | 15,124,978.28 | 14,089,512.49 | 93.15 |
| | C4 | 2,820.00 | 2,820.00 | 100.00 |
| | C8 | 0.00 | - | 0.00 |
| | R0 | 2,933,866.12 | 1,588,402.96 | 54.14 |
| Teideal Iomlán 3 | | 18,061,664.40 | 15,680,735.45 | 86.62 |
| Teideal 4 —Tionscadail sheachtracha eile | C1 | 1,682.78 | 1,682.78 | 100.00 |
| | R0 | 20,744,493.62 | 6,678,676.07 | 32.19 |
| Teideal Iomlán 4 | | 20,746,176.40 | 6,680,358.85 | 32.20 |
| Iomlán na leithreasuithe íocaíochta | | 55,455,114.51 | 35,158,364.31 | 63.40 |

## A.III. Foireann EASO

An 31 Nollaig 2016, bhí 136 bhall foirne ceaptha agus i mbun seirbhíse ag EASO. Díobh siúd, bhí 86 dhuine ina nGníomhairí Sealadacha, 43 ina nGníomhairí ar Conradh agus 7 ina Saineolaithe Náisiúnta ar Iasacht.

**Tábla A.3: Plean bunaíochta EASO 2016**

| Catagóir agus grád | Arna nÚdarú faoi Bhuiséad an Aontais 2016 | | Buiséad Leasaitheach 1/2016 | | Buiséad Leasaitheach 2/2016 | | Buiséad Leasaitheach 3/2016 | | Buiséad Leasaitheach 4/2016 | | Plean ag deireadh 2016([10]) | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Oifigigh | Gníomhairí Sealadacha | Oifigigh | Gníomhairí Sealadacha | Oifigigh | Gníomhairí Sealadacha | Oifigigh | Gníomhairí Sealadacha | Oifigigh | Gníomhairí Sealadacha | Oifigigh | Gníomhairí Sealadacha |
| AD 16 | - | 0 | - | 0 | - | 0 | - | 0 | - | 0 | - | 0 |
| AD 15 | - | 1 | - | 0 | - | 0 | - | 0 | - | 0 | - | 1 |
| AD 14 | - | 0 | - | 0 | - | 0 | - | 0 | - | 0 | - | 0 |
| AD 13 | - | 0 | - | 0 | - | 0 | - | 0 | - | 0 | - | 0 |
| AD 12 | - | 0 | - | 0 | - | 0 | - | 0 | - | 0 | - | 4([11]) |
| AD 11 | - | 1 | - | 0 | - | 0 | - | 0 | - | 0 | - | 1 |
| AD 10 | - | 9 | - | 0 | - | 0 | - | 0 | - | 0 | - | 8([12]) |
| AD 9 | - | 8 | - | 0 | - | 0 | - | 0 | - | 0 | - | 5 |
| AD 8 | - | 10 | - | 0 | - | 0 | - | 0 | - | 0 | - | 10 |
| AD 7 | - | 28 | - | 0 | - | 0 | - | 0 | - | 0 | - | 28 |
| AD 6 | - | 5 | - | 0 | - | 0 | - | 0 | - | 0 | - | 5 |
| AD 5 | - | 11 | - | 0 | - | 0 | - | 0 | - | 0 | - | 11 |
| Iomlán AD | - | 73 | - | 0 | - | 0 | - | 0 | - | 0 | - | 73 |
| AST 11 | - | 0 | - | 0 | - | 0 | - | 0 | - | 0 | - | 0 |
| AST 10 | - | 0 | - | 0 | - | 0 | - | 0 | - | 0 | - | 0 |
| AST 9 | - | 0 | - | 0 | - | 0 | - | 0 | - | 0 | - | 0 |
| AST 8 | - | 0 | - | 0 | - | 0 | - | 0 | - | 0 | - | 0 |
| AST 7 | - | 0 | - | 0 | - | 0 | - | 0 | - | 0 | - | 0 |
| AST 6 | - | 0 | - | 0 | - | 0 | - | 0 | - | 0 | - | 0 |
| AST 5 | - | 0 | - | 0 | - | 0 | - | 0 | - | 0 | - | 2 ([13]) |
| AST 4 | - | 6 | - | 0 | - | 0 | - | 0 | - | 0 | - | 6 |
| AST 3 | - | 6 | - | 0 | - | 0 | - | 0 | - | 0 | - | 6 |
| AST 2 | - | 2 | - | 0 | - | 0 | - | 0 | - | 0 | - | 2 |
| AST 1 | - | 4 | - | 0 | - | 0 | - | 0 | - | 0 | - | 2 |
| Iomlán AST | - | 18 | - | 0 | - | 0 | - | 0 | - | 0 | - | 18 |
| IOMLÁN | 0 | 91 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 91 |


[10] Níor le leasuithe buiséid a modhnaíodh an plean bunaíochta. Ba le cur i bhfeidhm na rialach solúbthachta a rinneadh modhnuithe in 2016.

[11] Áirítear leis 4 Ghníomhaire Shealadacha ag grád AD 10 a uasghrádú ina nGníomhairí Sealadacha ag grád AD 12


[12] Áirítear leis 3 Ghníomhaire Shealadacha ag grád AD 9 a uasghrádú ina nGníomhairí Sealadacha ag grád AD 10

[13] Áirítear leis 2 Ghníomhaire Shealadacha ag grád AST 1 a uasghrádú ina nGníomhairí Sealadacha ag grád AST 5

**Cairt A.1: Dáileadh fhoireann EASO de réir inscne an 31.12.2016**




**Cairt A.2: Dáileadh fhoireann EASO de réir náisiúntachta an 31.12.2016**



## CONAS TEACHT AR FHOILSEACHÁIN DE CHUID AE

**Foilseacháin saor in aisce:**

- cóip amháin:
  ar láithreán gréasáin EU Bookshop (http://bookshop.europa.eu);
- níos mó ná cóip amháin nó póstaeir/léarscáileanna:
  ó ionadaíochtaí an Aontais Eorpaigh (http://ec.europa.eu/represent_ga.htm),
  ó na toscaireachtaí i dtíortha neamh-AE (http://eeas.europa.eu/delegations/index_ga.htm),
  trí theagmháil a dhéanamh leis an tseirbhís Europe Direct (http://europa.eu/europedirect/index_ga.htm)
  nó trí ghlaoch a chur ar 00 800 6 7 8 9 10 11 (uimhir shaorghlao as áit ar bith in AE) (*).

  (*) Bíonn an fhaisnéis a thugtar saor in aisce, agus formhór na nglaonna (cé go bhféadfadh roinnt oibritheoirí, boscaí gutháin nó óstáin táille a ghearradh ort).

**Foilseacháin a bhfuil praghas orthu:**

- ar láithreán gréasáin EU Bookshop (http://bookshop.europa.eu).

BZ-AD-17-001-GA-N

Oifig na bhFoilseachán

ISBN 978-92-9494-424-5